
Tuarascáil Bhliantúil

Bliain Acadúil | 2011 - 2012

UNIVERSITY *of* LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH



UNIVERSITY of LIMERICK
OLLSCOIL LUIMNIGH

# Tuarascáil Bhliantúil
## Bliain acadúil 2011/2012

# Clár


*RÁITEAS AN UACHTARÁIN*.......3
*AN TÚDARÁS RIALAITHE*.......4
Oifig an Rúnaí Chorparáidigh.......5
*CÉIMEANNA OINIGH*.......7
*ACADÚIL*.......9
Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta.......11
Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol.......14
Dámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte.......15
Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta.......17
Scoil Ghnó Kemmy.......19
An tIonad Teagaisc agus Foghlama.......21
***Oideachas Idirnáisiúnta***.......25
*Rannóg an Chomharoideachais agus na nGairmeacha Beatha*.......23
*AIRGEADAS*.......26
*TAIGHDE*.......29
*SEIRBHÍSÍ ACADÚLA AGUS TACAÍOCHTA*.......33
Seirbhísí Tacaíochta na Mac Léinn.......33
Rannán na Teicneolaíochta Faisnéise.......35
Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise.......37
Acmhainní Daonna.......39
*FONDÚIREACHT OLLSCOIL LUIMNIGH*.......43
*AN SAOL AR AN GCAMPAS*....... 43
*An Bailiúchán Dearcealaíon*.......43
*FORBAIRT AN CHAMPAIS*.......44
*Aguisíní*.......**45**


Cuimsíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2011 go dtí an 30 Meán Fómhair 2012.

Tá sí ar fáil chomh maith ar láithreán gréasáin Ollscoil Luimnigh (OL).

# RÁITEAS AN UACHTARÁIN

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Ollscoil Luimnigh don bhliain acadúil 2011-12 a chur i láthair. I mbliana, d'éirigh thar cionn linn cé go raibh an buiséad an-srianta. Tá a chruthúnas seo le feiceáil sna scóir arda a bhronn an ghníomhaireacht neamhspleách measúnachta QS Stars$^{tm}$ar an Ollscoil. Bronnadh cúig réalta ar an Ollscoil sna príomhréimsí seo a leanas: **Nuálaíocht, Infreastruchtúr, Teagasc, Rannpháirtíocht agus Idirnáisiúnú**. Tá ríméad orainn gur thug eagraíocht neamhspleách aitheantas d'iarrachtaí na hOllscoile sna réimsí seo agus tá an-fháilte againn roimh na réaltaí seo.

Is é aidhm Ollscoil Luimnigh a bheith ina hollscoil cheannródaíoch ar leith, atá ag múnlú na todhchaí trí oideachas agus trí dhaoine a chumasú le dul i ngleic le dúshláin an lae amárach. Chun an misean seo a bhaint amach, rinne an Ollscoil gach iarracht i gcónaí caidreamh a fhorbairt leis an bpobal gnó agus cultúr nuálaíochta a chothú. Tá ár gcuid mac léinn, taighdeoirí agus comhaltaí foirne ag leanúint lenár misean agus éiteas a chomhlíonadh trí chur ar bhealach an-dáiríre lenár ngeilleagar, lenár bpobail agus lenár dtír.

Téama coitianta é an 'nuálaíocht' agus is éacht suntasach eile a bhí in oscailt oifigiúil Áras Tierney inár rannpháirtíocht d'fhiontraíocht, d'fhionnachtain agus don tionscal. Foirgneamh tógtha le haghaidh na ceirde é Áras Tierney a chruthóidh nasc tábhachtach idir taighde tionsclaíoch na hOllscoile ar láimh amháin agus, nuálaíocht ghnó i roinnt mhaith de na tionscail dlútheolais atá riachtanach do théarnamh geilleagrach agus rathúnas sa todhchaí ar an láimh eile. Is san fhoirgneamh seo a bheidh Ionad Nuála Nexus OL agus Lero – Ionad Taighde Innealtóireachta Bogearraí na hÉireann lonnaithe. Is iomaí cuideachta nuabhunaithe atá lonnaithe ann agus beidh fáilte mhór roimh aireagóirí agus roimh fhiontraithe nua i bpobal na hOllscoile.

Go raibh míle maith agaibh.

An tOllamh Don Barry

Uachtarán

# AN tÚDARÁS RIALAITHE

## Liosta an Údaráis Rialaithe

### 1 Deireadh Fómhair 2011 – 30 Meán Fómhair 2012

An Seansailéir: Peter Malone

Comhaltaí:

An tOllamh Sean Arkins
An tOllamh Don Barry
An Dr Marie Bourke
An tUas. Michael Chapman~
An tUas. Damien Clancy
An tUas. Derek Daly^
Breda Deedigan, Uas.
An Dr Eoin Devereux
Kay Doyle, Uas.
An tOllamh Colum Dunne ~
An tOllamh Jane Edwards
Tara Feeney, Uas. ^^
An tUas. John Fox ~~
An tOllamh Thomas Garavan
Anne Gleeson, Uas.
An tOllamh Michael A Hayes
An Comhairleoir Mary Harty **
Sarah Jane Hennelly, Uas. ^^^
An Dr John Hillery
An tUas. Michael Houlihan
An tUas. Tadhg B Kearney
An tOllamh Peadar Kirby ~~
An Dr J J Leahy
An Comhairleoir Jim Long*
An tOllamh Paul McCutcheon
Annette McElligott, Uas.
An Dr Seán McGrath
An tUas. Joe O'Connell
An tUas. Bobby O'Connor
An tUas. Fachtna O'Driscoll
An Dr Máirtín Ó Droma
Jackie O'Shaughnessy, Uas.
An tUas. Pat Rockett
Liz Stack, Uas.

*   I mí an Mheithimh 2012, tháinig an Comhairleoir Gerry McLoughlin i gcomharbas air
**   I mí an Mheithimh 2012, tháinig an Comhairleoir Jerome Scanlan i gcomharbas uirthi
^   I mí an Mheithimh 2012, tháinig Adam Moursy i gcomharbas air
^^   I mí an Mheithimh 2012, tháinig Cathal Ronan i gcomharbas uirthi
^^^   I mí an Mheithimh 2012, tháinig Cian Spillane i gcomharbas uirthi
~   Tofa i mí an Mhárta 2012
~~   D'éirigh as mí Feabhra 2012

Tá cuntas le fáil in Aguisín 1 ar thinreamh cruinnithe an Údaráis Rialaithe agus costais atá riachtanach faoi Chód Rialachais náisiúnta 2012.

# OIFIG AN RÚNAÍ CHORPARÁIDIGH

Tuairiscíonn an Rúnaí Corparáideach don Uachtarán agus tá sé/sí freagrach as roinnt réimsí, lena n-áirítear:

- Rialachas Ollscoile a bhainistiú lena n-áirítear freastal ar chruinnithe den Údarás Rialaithe agus gach Coiste de chuid an Údaráis Rialaithe;
- Comhlíonadh Acht na nOllscoileanna 1997, a chinntiú;
- Reachtanna, rialacháin, beartais chorparáideacha agus nósanna imeachta na hOllscoile a fhorbairt, a athbhreithniú agus a dháileadh;
- Comhlíonadh reachtaíochta;
- Gnóthaí dlíthiúla corparáideacha na hOllscoile a bhainistiú;
- Feidhm bhainistithe riosca na hOllscoile a bhainistiú;
- Freagracht riaracháin as feidhm iniúchta inmheánaigh na hOllscoile;
- Próisis earcaíochta agus cheapacháin a bhainistiú don Uachtarán, do na Leas-Uachtaráin Acadúla agus do na Déin;
- Rialachas d'eitic taighde a bhainistiú;
- Bailiúchán Dearcealaíon na hOllscoile a bhainistiú;
- Réimse próiseas achomhairc inmheánach a bhainistiú;
- Bainistíocht taifead;
- Forbairt, dul chun cinn agus cur i gcrích tionscadal ar fud na corparáide a bhainistiú.

Feidhmíonn Ollscoil Luimnigh faoi reachtaíocht náisiúnta, Acht na nOllscoileanna 1997. Tugann an Stát freagracht iomlán as gnóthaí Ollscoil Luimnigh don Údarás Rialaithe. Tá an tÚdarás Rialaithe ceaptha de réir Acht na nOllscoileanna 1997. Is é téarma oifige an Údaráis Rialaithe reatha an 1 Nollaig 2007 go dtí an 30 Samhain 2012. Cuireann Oifig an Rúnaí Chorparáidigh seirbhís agus treoir rialála ar fáil don Údarás Rialaithe.

Le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú bhain an tÚdarás Rialaithe na nithe seo a leanas amach:

- Glacadh le leagan leasaithe de "Rialachas Ollscoileanna na hÉireann" 2012;
- Ceadaíodh méid, ceapachán agus téarma oifige an Údaráis Rialaithe nua;
- Ceadaíodh "Regulations for the University of Limerick Employee Elections to Governing Authority" agus chuir ar ceal an riachtanas atá le fear amháin agus bean amháin i ngach dáilcheantar;
- Ceadaíodh ríomhvótáil chun céimithe a thoghadh ar an Údarás Rialaithe;
- Athcheapadh an tOllamh Paul McCutcheon mar Leas-Uachtarán Acadúil agus Cláraitheoir, an tOllamh Sarah Moore mar Leas-Uachtarán Acadúil Comhlach agus an Dr Pat Phelan mar Chláraitheoir Cúnta don dara téarma;
- Ceadaíodh roinnt tuarascálacha iniúchta inmheánaigh, plean iniúchta sheachtraigh agus leasaíodh an Chairt Iniúchta Inmheánaigh;
- Ceadaíodh an t-athrú ón gCoiste Iniúchta go dtí an Coiste Iniúchta & Bainistíochta Riosca;
- Ceadaíodh Ráiteas Rialachais Ollscoil Luimnigh don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2011;
- Ceadaíodh Ceoláras na hOllscoile mar fhochuideachta d'Ionad Campais Phleasaí;
- Tógadh cuntas go raibh an Clár Riosca Bunaidh curtha le chéile, ceadaithe ag an gCoiste Feidhmiúcháin agus tugadh tuairisc don Choiste Iniúchta & Bainistíochta Riosca;
- Ceadaíodh straitéis bhuiséid na hOllscoile don Bhliain Acadúil 2012/2013;

- Ceadaíodh na beartais seo a leanas a bhaineann le hAcmhainní Daonna:
  - Nósanna imeachta maidir le Foireann Acadúil a Earcú/a Cheapadh
  - Nósanna imeachta maidir le Foireann Tacaíochta a Earcú/a Cheapadh
  - Nósanna imeachta maidir le Scoláirí Taighde a Earcú/a Cheapadh
  - Nósanna imeachta maidir le hArdú Céime don Fhoireann Acadúil
  - Beartas agus Nósanna Imeachta maidir le Stádas Ilbhliantúil a thabhairt don Fhoireann Acadúil a thosaíonn ina bpoist
  - Beartas agus Nósanna Imeachta maidir le hArdú Céime ag Teorainn Tuillteanais agus Neamhthuillteanais an Cháis
  - Beartas maidir le Gradam Seirbhísí Fada
  - Beartas agus Nósanna Imeachta maidir le Forbairt Ghairmiúil na Foirne Tacaíochta

Ina theannta sin, rinne an tÚdarás Rialaithe:

- An dearadh do Chéim 1 agus do Chéim 2 d'Áras Bernal a fhaomhadh;
- Beartas státchiste na hOllscoile a fhaomhadh;
- Athbhreithniú ar oibriú an Údaráis Rialaithe faoi stiúir duine seachtrach ón Údarás;
- Ceapacháin foirne a fhaomhadh;
- Breithniú ar leibhéil na mac léinn fochéime ar glacadh leo don Bhliain Acadúil 2011/12 agus ar iarratais CAO don Bhliain Acadúil 2012/13;
- Foilsiú trí thuarascáil athbhreithnithe piaraí d'ardchaighdeán ar láithreán gréasáin Ollscoil Luimnigh a fhaomhadh agus thug údarás don Choiste Feidhmiúcháin foilseacháin a fhaomhadh ar an láithreán gréasáin.



# CÉIMEANNA OINIGH

**I rith na bliana atá faoi athbhreithniú bronnadh ceithre chéim oinigh mar seo a leanas:**

## John Herlihy - Dochtúir le hEolaíocht Eacnamaíochta.

Fear as Móin an Lín, Caladh an Treoigh i Luimneach é John Herlihy atá ina Leas-Uachtarán ar fhógraíocht dhomhanda agus ina cheann feadhna ar Google in Éirinn. Creideann John Herlihy go bhféadfadh Éire a bheith ina lárionad domhanda do mhaoin intleachta agus ina ceannaire ar earnálacha na fógraíochta ar líne agus na meán nua. Creideann sé go láidir gur áit iontach í Éire d'infheistíocht dhíreach eachtrach.

Tá cáil le fada an lá ar bhuanna agus ar éachtaí John Herlihy in earnáil na teicneolaíochta domhanda. Bhí lámh aige i bhforbairt oibríochtaí agus díolachán ar líne de chuid Google san Eoraip, sa Mheán-Oirthear agus san Afraic agus é i gceannas ar fhoireann díolacháin agus oibríochtaí ar a raibh os cionn 1,100 duine ag obair i 45 tír. Tá sé ina stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar chúpla comhlacht, Greencore ina measc.

## Geraldine Kennedy - Dochtúir le Litreacha

Chuaigh Geraldine Kennedy ar scor óna post mar eagarthóir ar *The Irish Times* i mí an Mheithimh seo caite i ndiaidh beagnach ceithre scór bliain i mbun a gairme. Mar iriseoir, ba thuairisceoir ceannródaíoch misniúil polaitiúil a bhí inti, agus ghlac sí mar phríomhchúram uirthi féin an chuntasacht a chur chun cinn sa saol poiblí. Mar eagarthóir, lean sí leis an obair seo ag tacú leis na hiriseoirí a ndearna sí eagarthóireacht ar a gcuid oibre dóibh, fiú amháin agus é an-deacair uirthi a leithéid a dhéanamh in amanna. Le linn a gairme fada, ní raibh a sárú le fáil ó thaobh na hiriseoireachta nua-aimseartha Éireannaí de agus, is iomaí éacht a bhain sí amach i saol poiblí na hÉireann.

Mar eagarthóir ar *The Irish Times*, rinne Geraldine Kennedy a míle dícheall na caighdeáin eagarthóireachta is airde a bhaint amach mar nár ghlac sí ach le tuairisciú mionchúiseach agus le diantaighde.

Measann Geraldine Kennedy, gur ionann *The Irish Times* agus an chéad dréacht den stair – is léargas é ar shaol polaitiúil, sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha na hÉireann – agus tá sí bródúil gur nuachtán é a bhfuil aitheantas bainte amach aige anois i saol poiblí na hÉireann. Dúirt sí féin an méid seo "The Irish Times is the national forum for the thinkers and doers in Irish society."

## Muiris Prionsias Ó Rócháin - Dochtúir le Litreacha (I ndiaidh a bháis)

Ba é an beart ba mhó a rinne Muiris Ó Rócháin (1944 – 2011) don saol cultúrtha agus pobail, agus don cheol traidisiúnta ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, ná Scoil Samhraidh Willie Clancy a bhunú.

I 1973, bhunaigh Muiris – mar aon le Harry Hughes, Martin Talty, Junior Crehan, Séamus Mac Mathúna, Peadar Ó Lochlainn agus daoine eile – Scoil Samhraidh Willie Clancy don cheol traidisiúnta i ndil chuimhne ar an gceoltóir cáiliúil. Meallann Scoil Willie Clancy na mílte ceoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí as gach cearn den domhan bliain i ndiaidh bliana le bheith páirteach sa cheol traidisiúnta Gaelach agus tá cáil na Scoile i bhfad agus i ngearr anois. Beidh cuimhne ar Mhuiris Ó Rócháin mar dhuine a ghníomhaigh go neamhleithleasach chun leasa shaol cultúrtha gach duine a ndeachaigh a fhís agus a shaothar don cheol Gaelach agus don Ghaeilge i gcion orthu.

## Charles F. (Chuck) Feeney - Dochtúir le Dlíthe

Tháinig Ollscoil Luimnigh agus na hocht n-ollscoil eile ar oileán na hÉireann le chéile in onóir duine de sheanchairde agus de lucht tacaíochta na hOllscoile, an daonchara Charles F. (Chuck) Feeney. Bhronn na naoi n-ollscoil Éireannacha Dochtúireacht oinigh le Dlíthe (LLD) ar an Uasal Feeney, bunaitheoir The Atlantic Philanthropies. Ba í seo an chéad uair ar bhronn na hollscoileanna ar fad ar oileán na hÉireann onóir den chineál seo le chéile. Chinn na hollscoileanna an onóir seo a bhronnadh mar cheiliúradh ar an méid atá déanta ag Chuck Feeney do shaol na hÉireann, agus go mór mór d'ollscoileanna na hÉireann.

Bhrúigh sé chun cinn bunú Fhondúireacht Ollscoil Luimnigh i 1989 agus tá sé ina chomhalta ar Bhord na Fondúireachta le fada an lá. Tá baint dhíreach ag Chuck Feeney leis an bhfás sciobtha a tháinig ar an Ollscoil. Is iomaí tionscadal caipitil agus clár acadúil atá ann a bhuíochas do Chuck Feeney agus the Atlantic Philanthropies, cosúil leis an Droichead Beo, Leabharlann Glucksman, an Scoil Leighis Iontrála Iarchéime agus an infheistíocht leanúnach in Eolaíocht agus Innealtóireacht san Ollscoil.

Sampla eile d'fhís iontach Chuck an tacaíocht mhór a thug sé do Dhámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol – forbairt cheannródaíoch a bhfuil ról Ollscoil Luimnigh curtha chun cinn aici mar láraonad don chruthaitheacht ealaíonta agus chultúrtha. Bunaíodh an Dámh i 1994 mar lárionad don fheabhas acadúil agus feidhmíochta nuair a ceapadh an tOllamh Mícheál Ó Súilleabháin mar chéad Ollamh le Ceol san Ollscoil. Ó shin i leith, tá céim bainte amach i gcláir iarchéime agus fochéime na Dáimhe ag 1,800 mac léinn as 27 tír. Tógadh an Dámh le tacaíocht ó the Atlantic Philanthropies agus ó bhronntóirí príobháideacha.



# ACADÚIL

Is é an Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir an t-oifigeach acadúil sinsearach agus glacann sé/sí freagracht as gach ní a bhaineann le feidhm acadúil na hOllscoile.

## AN CHOMHAIRLE ACADÚIL

Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú rinne an Chomhairle Acadúil na cláir seo a leanas a fhaomhadh:

- Certificate in Applied Business Studies; Bachelor of Arts in International Business;
- Higher Diploma in Business and English As A Foreign Language (Pre-Masters Studies);
- Higher Diploma in Mobile and Secure Cloud Computing;
- Higher Diploma in Software Development;
- Professional Diploma in Mathematics for Teaching; Master of Arts in German Language and Culture in Europe;
- Master of Arts in Irish-German Studies;
- Masters in International Entrepreneurship Management;
- Master of Science in Economic Analysis;
- Master of Science in Risk Management and Insurance;
- PhD Struchtúrtha EHS;
- PhD Struchtúrtha sa Pholaitíocht;

### SPRINGBOARD 2012 (HEA)

I mí an Mhárta 2012, chuir an tÚdarás um Ard-Oideachas thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna tús arís le Springboard, agus tá sé ar cheann de na tionscnaimh Stáit atá ag cur deiseanna oideachais agus oiliúna ar fáil chun tacú le daoine dífhostaithe.

Tá an ciste seo, Gníomhachtú an Mhargaidh Saothair mar a bhíodh air tráth, dírithe ar chabhrú le daoine dífhostaithe fanacht chomh gar agus is féidir leo don mhargadh saothair trí theacht ar dheiseanna ardoideachais agus oiliúna páirtaimseartha agus solúbtha chun cur lena gcuid scileanna nó chun scileanna nua a shealbhú i réimsí ina bhféadfadh deiseanna fostaíochta inbhuanaithe teacht chun cinn nuair a thagann an geilleagar chuige féin arís. D'éirigh le hOllscoil Luimnigh 110 áit (luach iomlán €387,500) a bhaint amach san Ollscoil ar na cláir seo a leanas:

1. Certificate in Applied Business Studies (Fochéim NFQ 8) (Ar an gCampas / Cianfhoghlaim) (50 áit bronnta)
2. Sain-Dioplóma – Lean Systems (Iarchéim NFQ 9) (Ar líne / Cianfhoghlaim) (15 áit bronnta)
3. Sain-Dioplóma – Six Sigma (Iarchéim NFQ 9) (Ar líne / Cianfhoghlaim) (15 áit bronnta)
4. Master in International Entrepreneurship Management (Iarchéim NFQ 9) (10 n-áit bronnta)
5. Specialist Diploma in Supply Chain Management (Iarchéim NFQ 9) (Ar Líne/Foghlaim Chumaiscthe) (5 áit bronnta)
6. Specialist Diploma in Technology Commercialisation (Iarchéim NFQ 9) (Ar líne/Foghlaim Chumaiscthe) (10 n-áit bronnta)

7. Specialist Diploma in Supply Chain Management – Systems & Relationships (Iarchéim NFQ 9) (Ar líne/Foghlaim chumaiscthe) (5 áit bronnta)

## CLÁR SCILEANNA ICT

Sheol an HEA clár nua do ghníomhachtú an mhargaidh saothair in 2012 mar gheall ar an ngéarghá a bhí le líon na ndaoine cáilithe a mhéadú don earnáil ICT in Éirinn. D'éirigh le hOllscoil Luimnigh 110 áit (luach iomlán €550,000) a bhaint amach san Ollscoil ar na cláir iarchéime seo a leanas:

1. Higher Diploma in Mobile and Secure Cloud Computing (30 áit bronnta)
2. Higher Diploma in Software Development) (80 áit bronnta)

## PLEAN STRAITÉISEACH

In 2011/12, bunaíodh an dara babhta de Thascfhórsaí faoin gComhairle Bainistíochta bunaithe ar phríomhthionscnaimh an Phlean Straitéisigh (Beartas Teanga, Comhpháirteachas Poiblí agus Phobail, Bainistíocht Athraithe agus Eispéireas na nIarchéimithe).

Cuireadh tuarascálacha deiridh na dtascfhórsaí i láthair i mí na Bealtaine 2012. Chomh maith le tuarascáil na dTascfhórsaí faoin gComhairle Bainistíochta

- cuirfidh an tUachtarán tuairiscí rialta ar fáil don Údarás Rialaithe maidir le dul chun cinn ó thaobh *Ceannródaíocht & I dTeagmháil* a chur i bhfeidhm
- Déanfar athbhreithniú lárthéarma ar an bplean ag deireadh 2013

## BEARTAS AN ARDOIDEACHAIS

Nuair a foilsíodh an Straitéis Náisiúnta d'Ardoideachas go dtí 2030, chuir an HEA tús le sraith tuairiscí agus cáipéisí comhairliúcháin in 2012 ag éileamh freagraí foirmiúla ó na hinstitiúidí ar leith. Chomhordaigh Oifig an Leas-Uachtaráin Acadúil agus Cláraitheora na freagraí thar ceann Uachtarán na hOllscoile. In 2012, áirítear orthu sin:

1. Freagra na hOllscoile do Pháipéar Comhairliúcháin an HEA: *"Towards a Future Higher Education Landscape"*; 31 Iúil 2012
2. Freagra na hOllscoile do Pháipéar Comhairliúcháin an HEA: *Part-time Higher Education and Training in Ireland: Current policy, practice and options for the future*; Bealtaine 2012
3. Freagra na hOllscoile ar an *Review of the Structure Initial Teacher Education report*; Bealtaine 2012

Meastar go gcuideoidh comhairliúchán agus comhráite an HEA ar thodhchaí an ardoideachais leis an gcomhoibriú leanúnach idir institiúidí, is é sin Cuibhreannas Shionainne agus Comhfhiontar Straitéiseach na hOllscoile le OÉ Gaillimh.

# DÁMH NA nEALAÍON, NA nDAONNACHTAÍ AGUS NA nEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

Tá na cúig aonad acadúla seo a leanas sa Dámh:

- Roinn na Staire
- Roinn na Polaitíochta agus an Riaracháin Phoiblí
- Roinn na Socheolaíochta
- Scoil na dTeangacha, na Litríochta, an Chultúir agus na Cumarsáide
- Scoil an Dlí

Tá dlúthchaidreamh acadúil ag an Dámh le Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol.

Tá os cionn 2,500 mac léinn cláraithe leis an Dámh ar chláir mhúinte agus thaighde.

## PRÍOMHIMEACHTAÍ

### Léacht Tionscnaimh

Thug an tOllamh Margaret Mills Harper, PhD, Cathaoir Glucksman le Scríbhneoireacht Chomhaimseartha an Bhéarla a Léacht Tionscnaimh - *'I heard her tell the story another way': Vision and Play in Irish Studies*.

### Clár an Dlí Phobail

Cuireadh tús le *Clár an Dlí Phobail* san Ollscoil agus d'fhreastail 75 duine air, rud nach raibh súil ar bith leis. Comhthionscnamh é an clár seo idir Scoil an Dlí, an Oifig don Idirchaidreamh Pobail agus an campas Rochtana. Bíonn ocht léacht i gceist leis thar ocht seachtaine ar ghnéithe éagsúla den dlí.

### Ócáidí Eile

- Thug Jimmy Deenihan TD, An tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, cuairt ar an Ollscoil nuair a seoladh an chartlann '*Le Typhus de 1847 / The Typhus of 1847*' i mí an Mhárta.

- Thug Fintan O'Toole, Eagarthóir Cúnta an Irish Times agus Ollamh Cúnta le hIriseoireacht a léacht tionscnaimh *"Known knowns and the future of Irish Journalism"*.

- Thug Ambasadóir chuig Éirinn as Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, an Dr Eckhard Lübkemeier léacht phoiblí san Ollscoil dar teideal *"Why €urope is good for us"*.

# MAOINIÚ AGUS DÁMHACHTAINÍ TAIGHDE

### Dámhachtain Mhór Taighde do Roinn na Polaitíochta agus an Riaracháin Phoiblí

Bhronn Clár Comhoibrithe Straitéisí idir Cúnamh Éireann agus na hInstitiúidí Ardoideachais agus Taighde, clár de chuid Chúnamh Éireann agus an Údaráis um Ard-Oideachas deontas mór ina dtríú comórtas ar Roinn na Polaitíochta agus an Riaracháin Phoiblí. Cuideoidh an deontas seo leis an tionscadal taighde agus traenála: "How systems of public administration may help or hinder effective HIV-AIDS politics". Tá an Roinn ag comhoibriú le heolaithe polaitiúla, le hantraipeolaithe agus le síceolaithe i dtrí Ollscoil san Afraic: Makerere, Dar es Salaam agus KwaZulu-Natal agus cuideoidh an tionscadal le taighde dáimhe, comhaltachtaí iardhochtúireachta agus oiliúint PhD i Luimneach agus sna trí institiúid san Afraic. Ar fhoireann Luimnigh tá an Dr Maura Adshead, an Dr Rachel Ibreck, an tOllamh Tom Lodge, an Dr Chris McInerney, an Dr Lisa McInerney agus an tOllamh Orla Muldoon.

### Aip Oideachais Fón Póca – "Ireland under Siege"

Thug an tAcadamh Náisiúnta as Comhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama (NAIRTL) maoiniú €18,641 do Thionscadal Taighde dar teideal *"Immersive Learning in History: An Augmented Reality Mobile Phone Application* (aip)". Sheol an tAire Tithíochta agus Pleanála, Jan O'Sullivan TD an 'aip'. Bhí Robert Hutchinson, Oifig Dhámh an AHSS, i gceannas ar an tionscadal i gcomhar le Roinn na Staire agus le Roinn na Teicneolaíochta Faisnéise san Ollscoil, OÉ Gaillimh agus Acadamh Ríoga na hÉireann.

### Gradam Dáimhe AHSS; Ceapacháin

- Bronnadh Gradam Náisiúnta as Sárchaighdeán Teagaisc 2011 de chuid NAIRTL (An tAcadamh Náisiúnta as Comhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama) ar **Jennifer Schweppe**, Scoil an Dlí. Ainmníodh í chomh maith do Ghradam Teagaisc na hEorpa.
- Roghnaigh Tascfhórsa Ghradam Teagaisc na hOllscoile, **an Dr Amanda Haynes**, Roinn na Socheolaíochta mar bhuaiteoir ar an nGradam do Theagasc i nGrúpaí Móra.
- Bhronn Ollscoil Ghent *Bonn Sarton 2011-2012* **ar an Dr Sean Donlan,** Scoil an Dlí.
- Cheap Jimmy Deenihan TD, An tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, **an Dr Ciara Breathnach,** Roinn na Staire, ar an *gComhairle Oidhreachta*.
- Toghadh **an Dr Geraldine Sheridan,** Ollamh Emerita, Scoil na dTeangacha, na Litríochta, an Chultúir agus na Cumarsáide ina *Comhalta d'Acadamh Ríoga na hÉireann*.

### Duaiseanna/Gradaim/Foilseacháin na Mac léinn

- Bhuaigh **Pierce Grace,** mac léinn ar an MA in Local History, gradam náisiúnta Bhuanchomhairle Thaoisigh Éireann an *'Irish Chiefs' Prize in History*'.
- Roghnaigh Coimisiún na hEorpa **Jessica Gough,** a bhain amach BA le Teangacha Feidhmeacha san Ollscoil in 2010, le hionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn mar ambasadóir mac léinn Erasmus ag ceiliúradh 25 Bliain Erasmus 2012. Bhuaigh sí gradam Fhoghlaimeoirí Teanga na Bliana chomh maith.

- Bronnadh gradam mór le rá Simon Cumbers 2012 ar **Sarah Moyles,** mac léinn sa cheathrú bliain den BA Journalism and New Media.

- Bronnadh Scoláireacht Fulbright-Schuman ar **Thomas Keating (mac léinn PhD i Roinn na Polaitíochta agus Riaracháin Phoiblí)** agus beidh sé cleamhnaithe le Scoil na Seirbhíse Idirnáisiúnta san American University mar Scoláire Cónaitheach don bhliain acadúil 2012/13.

- Bhuaigh **Craig Hughe**, mac léinn iriseoireachta, an chéad '*Vincent Doyle Award for Investigative Journalism'*.

- Roghnaíodh **Louise Mackey**, Ceathrú Bliain le Dlí agus Cuntasaíocht agus **Victoria Kiely**, Ceathrú bliain le Stair, Polaitíocht, Socheolaíocht agus Staidéar Sóisialta, ar an *Washington Ireland Program* (WIP).

Seoladh dhá eagrán bhreise d'Irisí na Mac Léinn i Feabhra agus i Márta 2012 - an t-eagrán is deireanaí d'**Iris an Chumainn Staire** agus **Socheolas - Iris Socheolaíochta na Mac Léinn i Luimneach**.

### Taighde

Le linn na bliana lean an dámh ar aghaidh ag cur líon mór **foilseachán den scoth** ar fáil lena n-áirítear aon leabhar déag le húdar amháin nó le comhúdair chomh maith le sé leabhar a cuireadh in eagar.



# DÁMH CHRUINNE ÉIREANN RINCE AGUS CEOL

## PRÍOMHIMEACHTAÍ

Buaicphointí na bliana:

### Scoláireacht do Scoil Samhraidh Blas Paul Brady

Bunaíodh Scoláireacht Paul Brady in 2011, i gcomhar le ULF, chun ciste €20,000 a sholáthar in imeacht trí bliana, agus chun 25 áit a thabhairt do cheoltóirí agus do dhamhsóirí ar Scoil Samhraidh Blas na Dáimhe don Cheol agus don Damhsa Traidisiúnta. Faigheann an té a bhíonn sa Scoil Samhraidh máistir-ranganna agus teagasc ó roinnt de na ceoltóirí agus de na damhsóirí traidisiúnta is mó a bhfuil meas orthu.

### Fondúireacht Marie Duffy bunaithe

Bunaíodh Fondúireacht Marie Duffy i mí an Mheithimh 2011 chun cúnamh airgid agus tacaíocht a thabhairt do dhamhsóirí, do cheoltóirí agus do chóiréagrafaithe. Cuireadh tús le Gradam Fhondúireacht Marie Duffy do Shárchaighdeán Damhsa i mí na Bealtaine 2012 i gcomhar le Dámh Chruinne Éireann agus tugann sé aitheantas do shárchaighdeán damhsa Ghaelaigh na mac léinn sa bhliain deiridh de BA Irish Music and Dance na Dáimhe. Is duine mór le rá í Marie Duffy i saol an damhsa Ghaelaigh.

### Fleá Luimnigh i nDámh Chruinne Éireann

Idir an 30 Bealtaine agus an 4 Meitheamh 2012, reáchtáil Dámh Chruinne Éireann, i gcomhar le brainse Chaladh an Treoigh de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann, Fleá Cheoil Luimnigh 2012, a mheall 6,000 duine chuig campas na hOllscoile in imeacht ceithre lá.

### Siompóisiam na Comhairle Idirnáisiúnta do Cheol Traidisiúnta

I mí Iúil, reáchtáil Dámh Chruinne Éireann caogadú Siompóisiam na Comhairle Idirnáisiúnta do Cheol Traidisiúnta ar Eitneacóiré-eolaíocht. Ba é téama shiompóisiam 2012 'Damhsa & Suíomh'.

## MAOINIÚ AGUS GRADAIM

### Buann Fochéimithe Dhámh Chruinne Éireann Sparánachtaí Fiúntais

Bronnadh Sparánachtaí Fiúntais ar fhochéimithe mar aitheantas ar a gcuid torthaí sa Bhliain Acadúil 2010/2011. Bhuaigh ceathrar i nDámh Chruinne Éireann sparánacht: Courtney Jay (SAM) BA Irish Music and Dance; Hajime Takahashi (An tSeapáin) BA Irish Music and Dance; Luis Sanchez (Meicsiceo) BA Irish Music and Dance; Alyssa Porter (SAM) BA Irish Music and Dance.

### Ciste Scoláireachta Sing out with Strings ag Dámh Chruinne Éireann (i gcomhar le Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann)

Cuireadh roinnt scoláireachtaí €5,000 an ceann ar fáil do mhic léinn an MA Community Music agus an MA Classical String Performance in Ollscoil Luimnigh.

# DÁMH AN OIDEACHAIS AGUS NA nEOLAÍOCHTAÍ SLÁINTE

Cnuasach í Dámh an Oideachais agus na nEolaíochtaí Sláinte (EHS) de shé roinn (Teiripí Cliniciúla (CT), Oideachas & an Léann Gairmiúil (EPS), Scoil Leighis Iontrála Iarchéime (GEMS), Altranas & Cnáimhseachas (N&M), Síceolaíocht (PSYC) agus Corpoideachas & Eolaíochtaí Spóirt (PESS)).

## PRÍOMHIMEACHTAÍ

### i-PLAY seolta

Sheol an Roinn Corpoideachais & Eolaíochtaí Spóirt (PESS) i-PLAY, clár gníomhach do ghasúir agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu. Clár fisiciúil deich seachtaine é i-PLAY (Inclusive Play and Leisure Activities for Youth – 'Imrím') sa Roinn atá deartha do ghasúir agus do dhaoine óga le riachtanais speisialta faoi cheannas an Dr Daniel Tindall agus Brigitte Moody.

### An Campa Altranais agus Cnáimhseachais

Reáchtáil an Roinn an dara Campa Samhraidh an 27 & 28 Meitheamh. Campa idirghníomhach dhá lá a bhí anseo do dhaltaí san idirbhliain agus sa chúigiú bliain a raibh suim acu dul leis an Altranas nó leis an gCnáimhseachas.

## MAOINIÚ AGUS DÁMHACHTAINÍ TAIGHDE

### An Scoil Leighis Iontrála Iarchéime

Fuarthas maoiniú €1M ó thairiscintí iomaíocha ó chomhlachtaí cosúil leis an mBord Taighde Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Ciste Taighde na Leanaí (Cromghlinn).

Fuair PINTA-lite, staidéar nua féidearthachta a thugann cóireáil andúile agus cúram príomhúil le chéile, €330,000 chun idirghabháil síceasóisialta a fhorbairt agus a mheas d'úsáid ildrugaí. Tá foireann an Ollaimh Walter Cullen i gceannas ar an tionscadal trí bliana seo. Tá saineolaithe i bpolasaí cliniciúil acadúil ar an bhfoireann atá freagrach as cúram andúile agus cúram príomhúil a phleanáil agus a chur ar fáil, mar aon le saineolaithe idirnáisiúnta as an Ríocht Aontaithe agus as na Stáit Aontaithe.

### Teiripí Cliniciúla

Tugadh deontas €431,712 don Dr Kate Robinson agus a foireann taighde chun an clár 'Working with Arthritis: Strategies and Solutions' a chur ar fáil. Earcófar 250 duine chun aghaidh a thabhairt ar na baic a bhíonn ar dhaoine le hairtríteas obair a fháil, fanacht ag obair nó filleadh ar an obair.

Fuair an Dr Susan Coote (Teiripí Cliniciúla) Gradam Feabhais Taighde (Luathghairm) na hOllscoile 2012 ag searmanas bronnta an Fhómhair.

# CEAPACHÁIN FOIRNE

## An Scoil Leighis Iontrála Iarchéime (GEMS)

Tosóidh an tOllamh Michael Larvin sa Scoil Leighis Iontrála Iarchéime (GEMS) sa bhliain nua acadúil. Tiocfaidh sé i gcomharbas ar an Ollamh Paul Finucane, a bhí i gceannas ar GEMS nuair a bunaíodh é. Bhí sé ina Ollamh le Máinliacht i Scoil Leighis Iontrála Iarchéime Ollscoil Nottingham ó 2002 agus d’oibrigh sé roimhe sin in Ollscoileanna Leeds agus Londain, Ulm (sa Ghearmáin), agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá áit a bhfuair sé a chéadbhlaiseadh den leigheas iontrála iarchéime agus le linn an ama sin bhain sé amach Dochtúireacht agus Máistreacht san oideachas. Baineann a shaineolas cliniciúil agus taighde le galar paincréasach, meitibileacht agus obráidí íosionracha (mionchró), cosúil le hobráidí do mhórotracht. Ó thaobh cúrsaí oideachais de, tá suim ar leith aige i bhfoghlaim le cuidiú teicneolaíochta, ríomhfhoghlaim agus ionsamhlú tumoideachais.

Ceapadh an tOllamh Tom Kieran ina Ollamh Comhlach le Leigheas.

## Corpoideachas agus na hEolaíochtaí Sóisialta

Ceapadh an Dr Ann MacPhail ina Ceann ar an Roinn PESS ón 1 Meán Fómhair.

## Altranas agus Cnáimhseachas

Ceapadh an Dr Pauline O’Reilly ina Ceann ar Roinn an Altranais agus an Chnáimhseachais ón 1 Meán Fómhair.



# DÁMH NA HEOLAÍOCHTA AGUS NA HINNEALTÓIREACHTA

Tá 10 roinn acadúla i nDámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta: Eolaíochtaí Ceimiceacha agus Imshaoil, Eolaíocht Ríomhaireachta agus Córais Faisnéise, Innealtóireacht Leictreonach agus Ríomhaireachta, Eolaíochtaí Beatha, Innealtóireacht Déantúsaíochta agus Oibríochtaí, Eolaíocht agus Teicneolaíocht na nÁbhar, Matamaitic agus Staidreamh, Innealtóireacht Mheicniúil agus Aerloingseoireachta, Fisic agus an Scoil Ailtireachta.

## PRÍOMHIMEACHTAÍ

**82ú Grúpa Staidéir na hEorpa leis an Tionscal**
Reáchtáil MASCI an grúpa staidéir ón 27 Meitheamh go dtí an 1 Iúil agus tugadh saineolas éagsúil na n-eolaithe matamaiticiúla le chéile chun fadhbanna cearta na dtionsclaithe a réiteach.

### Roinn na Matamaitice agus Staidrimh

Chláraigh os cionn 180 dalta Ardteistiméireachta do na ranganna teagaisc matamaitice ardleibhéil trí Dheasc Chabhrach Mhatamaitice na hOllscoile. Is é seo an cúigiú bliain den Deasc Chabhrach a bheith ar an bhfód, agus tá tacaíocht saor in aisce tugtha aici do bhreis is 400 dalta go dtí seo. Reáchtálann Ionad Foghlama na Matamaitice an clár seo le hurraíocht ó Dhámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta agus le tacaíocht ó Roinn na Matamaitice agus Staidrimh. Tá an Deasc Chabhrach seo ar cheann de na tionscnaimh atá ag an Ollscoil chun aghaidh a thabhairt ar 'fhadhb na matamaitice' in Éirinn.

### Seachtain na Matamaitice – 15 - 22 Deireadh Fómhair

Mar chuid de Sheachtain na Matamaitice, an 15-22 Deireadh Fómhair, reáchtáil MACSI agus an NCE-MSTL san Ollscoil Aonach Eolaíochta agus Matamaitice Mhala; lá spraoi don teaghlach chun suim na ngasúr a spreagadh san ábhar. Rinne Discover Science and Engineering maoiniú ar an aonach.

## GRADAIM AGUS MAOINIÚ TAIGHDE

### Tionscadal Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa

Chuir Institiúid Stokes tús le gairid le Tionscadal Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa dar teideal 'Evaluation of High Fatigue Resistance Lead-Free Solder Alloys'. Bhí comhoibriú idir Stokes agus Institiúid Náisiúnta Tyndall ar an tionscadal, arb é an chéad tairiscint ESA de chuid na hInstitiúide é ar éirigh leis. Cuirfidh an tionscadal bliana seo le saineolas Stokes ar ábhar a oireann don chomhshaol a úsáid sa chóimeáil leictreonach.

### An bua ag an dara mac léinn Dearaidh & Teicneolaíochta Táirgí ag Gradaim James Dyson na hÉireann

Don dara bliain as a chéile, bhí an bua ag mac léinn Dearaidh agus Teicneolaíochta Táirgí as an Ollscoil i rannóg na hÉireann de Ghradaim James Dyson 2012. Bhuaigh Paddy Mulcahy an gradam as U-neat a dhearadh – córas comhtháite boird agus taisceadáin d'ospidéil. Bhain Paddy amach Céim le Product Design and Technology agus bronnadh céadonóracha air ag searmanais an Fhómhair.

## Bonn Hank Krabbe

Bronnann Analog Devices Bonn Hank Krabbe ar an mac léinn leis an QCA deiridh is airde i Roinn na Leictreonaice agus na Ríomhinnealtóireachta agus bronnadh é ar an Uasal Stephen Brookes, an Sciobairín, Co. Chorcaí a bhain amach Céim Innealtóireachta le Electronic Engineering.





# SCOIL GHNÓ KEMMY

Tá ceithre roinn acadúla sa Scoil agus roinnt ionad taighde speisialta agus roinnt aonad a chuireann cláir ar fáil, atá lonnaithe sna ranna den chuid is mó. Ceann de na scoileanna gnó is mó sa tír is ea Scoil Ghnó Kemmy (KBS) agus 2,600 mac léinn idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha ag freastal ar réimse cúrsaí fochéime agus iarchéime inti. Tá foireann 100 duine ag KBS agus tá ceithre roinn inti: Roinn na hEacnamaíochta; An Roinn Pearsanra agus Caidreamh Fostaíochta; Roinn na Bainistíochta agus na Margaíochta; agus Roinn na Cuntasaíochta agus an Airgeadais.

## PRÍOMHIMEACHTAÍ

### Seolann CPM Cláir Nua

Sheol an Lárionad don Bhainistíocht Togra (CPM) in KBS dhá chlár nua i Meán Fómhair 2011: MSc in Project Management go lánaimseartha agus MSc in Project and Programme Management go páirtaimseartha.

## GRADAIM AGUS MAOINIÚ TAIGHDE

### Roinn na hEacnamaíochta

Bhronn an Institiúid um Smaointeoireacht Nua Eacnamaíochta (www.ineteconomics.org) $160,000 ar an Dr Stephen Kinsella chun múnla nua maicreacnamaíochta a fhorbairt d'Éirinn. Is é an t-aon tionscadal é atá maoinithe ag INET in Éirinn agus níl ach 23 tionscadal ar fad maoinithe ar fud an domhain. Chruthaigh George Soros INET chun smaointeoireacht nua eacnamaíoch a leathnú agus dlús a chur leis chun réitigh a fháil ar dhúshláin san 21ú haois.

## CEAPACHÁIN FOIRNE

Thosaigh Ceann nua ar an Roinn Cuntasaíochta agus Airgeadais, an Dr Martin Mullins, an 1 Meán Fómhair. Tá a chuid scileanna féin ag Martin don phost seo, a chuirfidh go mór le cuspóirí na Roinne agus an KBS a bhaint amach.





# AN TIONAD TEAGAISC AGUS FOGHLAMA

Oibríonn an tIonad Teagaisc agus Foghlama (CTL) leis an bhfoireann acadúil chun straitéis idirghníomhach a fhorbairt a fheabhsóidh na próisis teagaisc agus foghlama ar champas na hOllscoile agus taobh amuigh de.

## PRÍOMHFHORBAIRTÍ

### Ionad Réigiúnach Scríbhneoireachta, Ollscoil Luimnigh

Le linn na tréimhse seo, bhí ról thar a bheith éifeachtach ag an Ionad Scríbhneoireachta maidir le forbairt nuálach d'fhoghlaimeoirí agus tacaíocht do scríbhneoirí a fhorbairt, ag cur le bunscileanna inaistrithe atá ábhartha do mhic léinn ó gach disciplín. Seo a leanas cuid de na tionscnaimh sin:

a. Tionscnaimh Ag-Scríobh-sna-Disciplíní a dhearadh, a sheachadadh agus a chomhordú chun comhtháthú na scríbhneoireachta i dtacaíocht cúrsa agus forbairt curaclaim a chur chun cinn. Cuireadh os cionn 50 tionscnamh Ag-Scríobh-sna-Disciplíní ar fáil, agus ghlac 1,069 mac léinn ó na dámha ar fad páirt iontu. Lorg 23 comhalta foirne treoir ón Ionad Scríbhneoireachta maidir leis an scríbhneoireacht a shníomh isteach ina gcuraclam sa bhliain acadúil 2011/2.
b. Dearadh, seachadadh agus forbairt modúl sa scríbhneoireacht, lena n-áirítear: Academic Literacies 1 & 2; Advanced Technical Communication for Engineers; Introduction to Engineering (léachtaí agus ranganna teagaisc ar scríobh tuairiscí), Peer-tutoring in Academic Writing, Research Planning and Preparation and Scholarly Presentation and Dialogue in Research and Academic Writing. Thug 456 mac léinn faoi na modúil seo.
c. Forleathnú ar an tionscnamh Piartheagaisc Duine le Duine sa Scríbhneoireacht Acadúil. Ghlac 687 mac léinn fochéime agus iarchéime páirt sna seisiúin chomhairliúcháin scríbhneoireachta duine le duine.
d. Oiliúint múinteoirí agus luathfhorbairt acadúil a dhearadh, a sheachadadh agus a chomhordú lena n-áirítear modúil ar an Specialist Diploma in Teaching, Learning and Scholarship.
e. Rinneadh ceithre agallamh 'How I Write, Ireland' leis an Ollamh ar Cuairt Tony McEnery, as Ollscoil Lancaster, leis an Dr Stephen Kinsella, Ollscoil Luimnigh, leis an Ollamh (Emeritus) Tom Moylan, Ollscoil Luimnigh agus leis an bhFile as Luimneach ó dhúchas, Tim Cunningham, Essex, an Ríocht Aontaithe.

### Príomhfhorbairtí Teagaisc agus Foghlama

Gradaim Teagaisc

- Ba é an tOllamh John Fahy a bhuaigh Gradam Réigiúnach as Sárchaighdeán Teagaisc Chuibhreannas Shionainne
- Bhuaigh an Dr Michele O'Dwyer gradam na hOllscoile do theagasc grúpaí beaga
- Bhuaigh an Dr Ronan Carbery agus Maria Bailey beirt an gradam do theagasc grúpaí móra

Bhí an tIonad Réigiúnach Scríbhneoireachta i mbun tionscnaimh nó ghníomhaigh sé mar chomhairleoir do chúig institiúid ardoideachais eile in Éirinn, is iad sin IT Sligeach, OÉ Má Nuad, Coláiste Mhuire gan Smál (MIC), OÉ Gaillimh agus Coláiste Phádraig, Droim Conrach.

## IMEACHTAÍ

- Reáchtáil an tIonad Réigiúnach Scríbhneoireachta an dara *Siompóisiam ar an Scríbhneoireacht Acadúil*, agus labhair an t-aoichainteoir, Damien Clancy, Príomhfheidhmeannach Aughinish Alumina faoin scríbhneoireacht san ionad oibre.

- Reáchtáil an tIonad Réigiúnach Scríbhneoireachta a chéad Chomórtas Aistí do Mheánscoileanna i mBealtaine 2012. Bhuaigh beirt daltaí as Ardscoil Rís, an Cuarbhóthar Thuaidh, Luimneach agus dalta eile as Hazelwood College, Drom Collachair na duaiseanna.

- D'fhreastail timpeall 242 comhalta foirne de chuid na hOllscoile ar cheardlanna agus ar sheimineáir lóin. Reáchtáil CTL ceardlann samhraidh leis an Dr Richard Felder agus leis an Dr Rebecca Brent ar a fhreastail go leor d'fhoireann na hOllscoile agus eile uirthi.



# OIDEACHAS IDIRNÁISIÚNTA

Cuireann Rannóg an Oideachais Idirnáisiúnta (IED) aidhm straitéiseach na hOllscoile i bhfeidhm maidir le béim idirnáisiúnta a chur chun cinn i bpríomhréimsí gníomhaíochta. Leagtar béim faoi leith ar earcú mac léinn idirnáisiúnta ag gach leibhéal – céim iomlán (leibhéal fochéime agus iarchéime), staidéar thar lear agus scoileanna samhraidh – agus malartuithe mac léinn idirnáisiúnta le hollscoileanna comhpháirtíochta san AE agus in áiteanna eile a riar.   Chuir an Ollscoil fáilte roimh 1,998 mac léinn idirnáisiúnta as 102 tír sa bhliain acadúil 2011/12. Déantar mic léinn idirnáisiúnta a shainmhíniú mar mhic léinn nach Éireannaigh iad atá lánaimseartha agus anseo ar cuairt.

| **Catagóir** | **Líon na mac léinn** |
|---|---|
| Mic léinn idirnáisiúnta i mbun céim iomlán | 1056 |
| Mic léinn ar cuairt: Staidéar thar lear agus Malartú | 942 |
| Mic léinn mhalairte Ollscoil Luimnigh a théann amach | 393 |
| | |

Bhí IED i mbun gníomhaíochtaí bolscaireachta i raon leathan tíortha, lena n-áirítear an tSín, an India, an tSeapáin, an Rúis, an Araib Shádach agus SAM ar mhaithe le comhpháirtíochtaí institiúideacha a fhorbairt agus le freastal ar imeachtaí bolscaireachta agus earcaíochta mac léinn.

Sheol an Taoiseach Enda Kenny TD an oifig atá ag Ollscoil Luimnigh sa tSín i mí an Mhárta 2012.  Tá an oifig lonnaithe i mBéising agus é mar aidhm aici cur le próifíl na hOllscoile sa mhargadh tábhachtach seo d'earnáil oideachais na hÉireann.  Tá naisc cruthaithe ag an Ollscoil le roinnt ollscoileanna mór le rá sa tSín lena n-áirítear Ollscoil Jilin, Ollscoil Tianjin, Ollscoil Xi'Dian, Ollscoil Eolaíochta agus Teicneolaíochta Béising agus Ollscoil Tongji i Shang-hai.  Baineann comhchláir leis na comhpháirtíochtaí seo sna disciplíní seo a leanas: Seirbhísí Airgeadais, Airgeadas Ríomhaireachtúil, Innealtóireacht Bogearraí agus Meáin Idirghníomhacha.  Tá breis is 100 mac léinn Síneach ar chláir fochéime agus iarchéime san Ollscoil.  D'eagraigh IED na dinnéir bhliantúla alumni i mBéising agus i Shang-hai.

Chun feasacht ar chaighdeán Oideachas na hÉireann a chothú, seoladh Clár nua Ambasadóra do Mhic Léinn na Stát Aontaithe.  Roinneann na hambasadóirí a dtaithí agus a léargais ar an saol mar mhac léinn i Luimneach ar bhlaganna, in ailt agus ar phostálacha físe, ag ceangal mic léinn ionchasacha ó SAM agus a dteaghlaigh leo siúd atá i mbun staidéir in Éirinn cheana féin.

Cheiliúir an clár Erasmus cúig bliana is fiche ar an bhfód.  Ba céimí de chuid Ollscoil Luimnigh, Jessica Gough, Ambasadóir Mac Léinn na hÉireann do Cheiliúradh Erasmus 25. Tá clár Erasmus na hOllscoile fós ar cheann de na cinn is mó in Éirinn agus 318 mac léinn de chuid na hOllscoile ag staidéar thar lear faoi Chlár Erasmus LLP, agus 75 mac léinn eile ar shocrúchán acadúil in ollscoil lasmuigh den Eoraip. Tugann an raon cuimsitheach de chomhpháirtithe malartaithe idirnáisiúnta Ollscoil Luimnigh ar fud an domhain deiseanna luachmhara oideachais agus taithí do mhic léinn na hOllscoile agus chomh maith leis sin, cuirtear leis an bpobal idirnáisiúnta ar champas na hOllscoile trí mhic léinn agus lucht acadúil

a bheith ar cuairt anseo. Tá líon na gcuairteanna teagascóirí agus foirne ag méadú go seasmhach laistigh den Ollscoil.

Tá dul chun cinn tapa á dhéanamh maidir le hidirnáisiúnú an champais, go háirithe ó thaobh eispéireas idirnáisiúnta a bheith ina chuid fhoirmiúil de chláir acadúla san Ollscoil. I measc gníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe eile bhí seoladh an chéad Fhéile Chultúrtha de chuid IED le ceiliúradh a dhéanamh ar an éagsúlacht shaibhir traidisiún atá ar an gcampas. Ócáid bhliantúil a bheidh anseo feasta. Eagraíodh sraith ceardlann idirnáisiúnaithe do chomhaltaí foirne riaracháin agus acadúla in 2011/12. ‘W*orking in a multi-cultural environment’* agus ‘*teaching in a multi-cultural class-room’* na téamaí a bhain leo sin agus eagraíodh iad i gcomhar leis an gComhairle do Mhic Léinn Eachtracha in Éirinn (ICOS).



# RANNÓG AN CHOMHAROIDEACHAIS AGUS NA nGAIRMEACHA BEATHA

Tá Rannóg an Chomharoideachais agus na nGairmeacha Beatha (CECD) freagrach as cláir Chomharoideachais, Cleachtaidh Teagaisc agus Gairmeacha Beatha a bhainistiú, a fhorbairt agus a sholáthar san Ollscoil. Gné fhíorthábhachtach de thaithí an mhic léinn is ea an Comharoideachas. Anuraidh socraíodh os cionn 1,600 socrúchán oibre do mhic léinn sna dámha seo a leanas: Gnó, Eolaíocht & Innealtóireacht, na hEalaíona, na Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta agus Oideachas & Eolaíochtaí Sláinte. Tá baint ag an gComharoideachas le 56 clár céime san Ollscoil agus tá sé ar an gclár socrúcháin oibre is mó in Éirinn agus ar cheann de na cinn is mó san Eoraip. Léiríonn an scaipeadh earnála a bhaineann leis an líonra socrúcháin Comharoideachais éagsúlacht na gcéimeanna agus na socrúchán atá ar fáil lena n-áirítear seirbhísí airgeadais, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, innealtóireacht, déantúsaíocht, teicneolaíochtaí leighis, ceimic chógaisíochta, aeraspás, teicneolaíochtaí cruthaitheacha, bia, na gairmeacha, seirbhísí poiblí agus oideachas.

Tá gné idirnáisiúnta an chláir suntasach: thug breis is 20% de mhic léinn na hOllscoile faoi shocrúcháin laistigh de chúig thír is fiche sna cúig mhór-roinn. Is í Ollscoil Luimnigh an ollscoil Éireannach is mó atá rannpháirteach i gclár socrúcháin oibre Erasmus agus bronnadh maoiniú Erasmus €350,000 ar an Rannóg chun tacú le mic léinn i ngach disciplín a thugann faoi shocrúcháin laistigh den Aontas Eorpach. In 2012, thaispeáin RTL, an dara cuideachta léiriúcháin teilifíse is mó san Eoraip, mac léinn Staidéar Gnó ar shocrúchán comharoideachais le cuideachta chuntasaíochta i Lucsamburg ar cheann dá chláir cúrsaí reatha. Le bliain anuas, bhain an Ollscoil an Gradam Náisiúnta Infhostaitheachta 2012 amach do Engage Africa, clár socrúcháin oibre na hOllscoile don Chomharoideachas san Afraic.

Éascaíonn an Rannóg forbairt infhostaitheachta mhic léinn na hOllscoile mar chuid lárnach dá gclár acadúil agus dá dtaithí mar mhac léinn araon. Sa chomhthéacs seo, cuireann Rannóg an Chomharoideachais agus na nGairmeacha Beatha clár cuimsitheach forbartha gairme ar fáil do mhic léinn fochéime, iarchéime agus rochtana, lena n-áirítear gníomhaíochtaí cosúil le cruinnithe earnála, cuir i láthair agus agallaimh le fostóirí, seirbhís folúntais poist, comhairliúcháin ghairmeacha, Clinicí CV agus réimse seirbhísí atá curtha in oiriúint do spriocghrúpaí mac léinn. I mí an Mheithimh 2012 reáchtáil an Ollscoil an chomhdháil dhébhliantúil de Chumann na Seirbhísí Gairmeacha Ardoideachais in Éirinn. Comhdháil dhá lá a bhí anseo, ag a raibh 150 duine gairmiúil agus fostóir i láthair, agus ba é Tom Boland, Príomhfheidhmeannach an HEA, a rinne an oscailt oifigiúil. Bhí an tAonach Gairmeacha ar an aonach gairmeacha tríú leibhéal ba mhó sa tír, áit a raibh os cionn 120 fostóir ag iarraidh mic léinn a earcú ó réimse leathan disciplíní. Léiríonn an suirbhé is déanaí ón HEA, d'ainneoin na haeráide cúlaithe eacnamaíochta, go bhfuil leibhéal ard fostaíochta fós i measc chéimithe na hOllscoile, agus 63% de chéimithe 2011 á bhfostú láithreach. Léiríonn sé seo tiomantas na hOllscoile don infhostaitheacht. Tá sé seo 15% os cionn an mheáin náisiúnta don earnáil ollscoile (ag 48%) de réir na bhfigiúirí comparáideacha is déanaí atá ar fáil.

Tá an clár socrúcháin do Chleachtadh Teagaisc is mó sa tír in Ollscoil Luimnigh. Le bliain anuas, dhaingnigh an Rannóg Cleachtadh Teagaisc do bhreis is 800 mac léinn ó réimse cláir na hOllscoile d'ábhar oidí, a bhfuil dhá chlár déag fochéime agus iarchéime i gceist leo. Bhí an deis ag na mic léinn seo a bhfoghlaim acadúil a chur i bhfeidhm i bhfíorthimpeallacht ranga i líonra Ollscoil Luimnigh, ina bhfuil 500 scoil rannpháirteach.

# AIRGEADAS

## Ioncam

Mhéadaigh an t-ioncam go €122.55 milliún ó €112.29 milliún agus léiríonn sé sin méadú 9.1% ar an mbliain roimhe sin.

Mhéadaigh na deontais iomlána Stáit ó €37.97 milliún go €41.99 milliún agus léiríonn sé sin méadú 10.6%, ach méadú ar chostais phinsin ba chúis leis an méadú seo. Tháinig laghdú 5.1% ar an deontas athfhillteach Stáit ó €28.46m go €27.0m. Tháinig méadú 8.1% ar ioncam ó tháillí na mac léinn ó €65.69 milliún go €70.99 milliún, rud a léiríonn tionchar chinneadh an Stáit an deontas Stáit d'earnáil an tríú leibhéal a laghdú.

Tháinig méadú ar an ioncam ó fhoinsí eile ó €8.63 milliún go €9.57 milliún, sin fás 10.9% a tharla de thoradh ioncam méadaithe ar tháillí mac léinn nach ón AE iad agus ar ioncam úis.

## Caiteachas ar Sheirbhísí Acadúla agus ar Sheirbhísí Gaolmhara

Mhéadaigh caiteachas ar Sheirbhísí Acadúla agus ar Sheirbhísí gaolmhara ó €112.07 milliún go dtí €122.24 milliún, méadú 9.1%. Baineann os cionn leath den mhéadú seo (54%) leis an méadú ar chostais phinsin. Is ionann pá agus 71% den chaiteachas iomlán (2011: 70%). Caitear 78% den chaiteachas iomlán pá gan pinsin san áireamh ar Choláistí agus ar Ranna anois (2011: 77%).

## Taighde ar Conradh agus Tionscadail Eile Fhéinmhaoinithe

Tháinig méadú 8.7% ar ioncam ó Thaighde ar Conradh ó €22.35 milliún go €24.28 milliún le linn na bliana atá faoi athbhreithniú. Cuirtear fáilte roimh an gcobhsú seo tar éis laghduithe suntasacha le dhá bhliain roimhe sin. Tá ioncam ó thaighde áfach ag an leibhéal céanna anois is a bhí sé in 2007. Léiríonn sé seo an deacracht a bhaineann le tionscadail taighde a mhealladh sa timpeallacht gheilleagrach reatha.

Tháinig laghdú 43.1% ar chaiteachas ar thionscadail fhéinmhaoinithe ó €16.15 milliún go €9.19 milliún, rud a léiríonn tionchar chinneadh na hOllscoile go leor gníomhaíochtaí sa réimse seo a phríomhshruthú mar aon leis an drochthionchar atá ag an timpeallacht gheilleagrach reatha ar na tionscadail atá fanta sa chatagóir seo.

## Clár Caipitil

B'ionann caiteachas caipitil na hOllscoile agus €20.3 milliún i rith na bliana; bhain €4.4 milliún le trealamh agus an chuid eile le talamh agus le foirgnimh. Méadú €7.5 milliún é seo ar an gcaiteachas iomlán caipitil sa bhliain roimhe sin.

Caitheadh €3.4m ar an Ionad Spóirt agus ar na Páirceanna Saorga a osclaíodh le linn na bliana. Caitheadh €5.4m ar Fhoirgneamh na Scoile Leighis Iarchéime agus ar Chóiríocht na Scoile Leighis a osclaíodh i mí Mheán Fómhair 2012 agus atá le feiceáil ar chlúdach na gcuntas seo.

Caitheadh €2.9m ar an athchóiriú ar na Foirgnimh Chorpoideachais agus Eolaíochta Spóirt.

Tá ag éirí go maith le feidhmiú chlár forbartha fisiciúla na hOllscoile de thoradh na gcistí thar a bheith suntasach atá á gcur ar fáil don Ollscoil ag foinsí príobháideacha i gcomhar le maoiniú Stáit.

**OLLSCOIL LUIMNIGH**

**CLÁR COMHARDAITHE** | **AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR**

| | NÓTAÍ | 2012<br>€'000 | 2011<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE** | 17 | 367,860 | 358,826 |
| **INFHEISTÍOCHTAÍ** | 18 | 6,275 | 6,260 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Iarmhéideanna Bainc agus Airgead Tirim | | 80,787 | 75,142 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 19 | 6,575 | 8,844 |
| | | 87,362 | 83,986 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Creidiúnaithe agus Caiteachas Fábhraithe | 21 | (93,159) | (86,844) |
| **GLANDHLITEANAIS REATHA** | | (5,797) | (2,858) |
| **DLITEANAIS FHADTÉARMACHA** | | | |
| Creidiúnaithe dlite tar éis bliain amháin | 27 | (10,486) | (11,841) |
| **SÓCMHAINNÍ IOMLÁN LÚIDE DLITEANAIS REATHA** | | **357,852** | **350,387** |
| **ARNA IONADÚ AG:** | | **€'000** | **€'000** |
| Cúlchiste Ginearálta | 22 | 334,715 | 327,740 |
| Cúlchistí Srianta | 23 | 24,640 | 24,464 |
| Cúlchiste ioncaim | 24 | (1,503) | (1,817) |
| | | **357,852** | **350,387** |

**CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS REATHA DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR**

| **IONCAM** | **NÓTAÍ** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | **€'000** |
| Deontais Stáit | 1 | 41,989 | 37,965 |
| Táillí Mac Léinn | 2 | 70,988 | 65,691 |
| Ioncam Eile | 3 | 9,573 | 8,634 |
| | | 122,550 | 112,290 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe | 4 | 33,476 | 38,499 |
| | | 156,026 | 150,789 |
| Coláiste Mhuire Gan Smál | | | |
| Deontais Stáit | | 11,470 | 11,561 |
| Táillí Mac Léinn | | 8,521 | 9,603 |
| Lúide an méid a aistríodh chuig Coláiste | | (19,991) | (21,164) |
| **Iomlán** | | **156,026** | **150,789** |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Coláistí agus Ranna | 5 | 67,134 | 62,889 |
| Seirbhísí Acadúla agus Eile | 6 | 9,186 | 9,402 |
| Áitreabh | 7 | 12,495 | 12,497 |
| An méid a leithroinneadh do Chríocha Caipitil | 8 | 1,207 | 1,100 |
| Lár-Riarachán agus Seirbhísí | 9 | 12,334 | 11,295 |
| Caiteachas Ginearálta Oideachais | 10 | 1,875 | 2,024 |
| Seirbhísí Mac Léinn | 11 | 3,374 | 3,726 |
| Caiteachas Ilghnéitheach | 12 | 14,631 | 9,134 |
| | | 122,236 | 112,067 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe | 4 | 33,476 | 38,499 |
| **Iomlán** | 13 | **155,712** | **150,566** |
| **Barrachas ar ghníomhaíochtaí roimh amúchadh ar Chúlchistí Caipitil agus Deontais, Seirbhísí Coimhdeacha agus Dímheas ar Shócmhainní Dochta** | | **314** | **223** |
| Barrachas ar Sheirbhísí Coimhdeacha | 14 | **567** | **39** |
| Dímheas ar Shócmhainní Dochta | 15 | **(11,275)** | **(10,802)** |
| Gluaiseacht Cúlchiste Ginearálta | 16 | **10,708** | **10,763** |
| **BARRACHAS GLAN don bhliain** | 24 | **314** | **223** |

# TAIGHDE

Táimid dírithe ar thaighde le hiarmhairtí do shochar eacnamaíoch agus sóisialta.
Tá sé seo bunaithe ar theacht le chéile disciplíní discréideacha chun urfhuascailtí bunúsacha a bhaint amach agus cur chuige aistritheach á chur i bhfeidhm le cinntiú go n-aistrítear torthaí taighde níos sciobtha i dtreo tráchtálaithe.

## AN OIFIG TAIGHDE

Tá an Oifig Taighde, faoi cheannaireacht an Leas-Uachtaráin Taighde, freagrach as treoir straitéiseach a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta na hOllscoile agus as tacú leo agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Tá trí roinn san Oifig Taighde:

1. **Seirbhísí Tacaíochta Taighde** a chuireann cúnamh agus faisnéis ar fáil do thaighdeoirí i dtaca le réimse clár taighde maoinithe a dtacaíonn gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta leo.

2. **Scoil na nIarchéimithe** a thacaíonn le forbairt agus le seachadadh clár iarchéime taighde agus múinte ar fud na hOllscoile agus a chuireann réimse seirbhísí tacaíochta ar fáil do mhic léinn iarchéime.

3. **An Oifig Aistrithe Teicneolaíochta** a thacaíonn le gníomhaíocht nuálach na hOllscoile agus a chinntíonn go dtéitear sa tóir ar dheiseanna d'fhorbairt tráchtála maoine intleachtúla na hOllscoile agus go gcuirtear i bhfeidhm iad.

## PRÍOMHFHORBAIRTÍ

- Fuair **Lero – Ionad Taighde Innealtóireacht Bogearraí na hÉireann** atá lonnaithe san Ollscoil, maoiniú €16 mhilliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI). Maoiniú dara téarma é an maoiniú SFI a chuirtear ar fáil trína Chlár don Ionad Eolaíochta, Innealtóireachta agus Teicneolaíochta agus tá ranníocaíocht shuntasach €6.4 milliún ag teacht freisin ón tionscal.

- Bhí taighdeoirí de chuid na hOllscoile i mbun tionscadal €5.4 milliún chun nanascóp a fhorbairt chun cealla othar a thástáil don ghalar Alzheimer. Tá an fhoireann taighde atá bunaithe ag an Institiúid Eolaíochta Ábhar agus Dromchla (MSSI) san Ollscoil, i mbun an fhoireann Eorpach d'aon duine dhéag, LANIR (Nanascópacht Saor ó Lipéid ag Úsáid Infridhearg) a stiúradh. Tá sé Fhiontar Bheaga agus Mheánmhéide ó thíortha ar fud na hEorpa páirteach ar an bhfoireann.

- Bronnadh €4.5 milliún ar an Ollscoil i maoiniú Creata an AE do thionscadail sna réimsí téamacha seo a leanas: nanaiteicneolaíochtaí, fuinneamh, comhshaol, ICT, rannpháirtíocht bhan i saol acadúil na heolaíochta, próisis déantúsaíochta, próiseáil orgánach, aerloingseoireacht agus slándáil.

- Bronnadh maoiniú breis is €1.2 milliún ar thaighdeoirí de chuid na hOllscoile do dhá ghradam Príomhthaighdeora de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), chun

iniúchadh a dhéanamh ar chur le chéile nanafhleasca leathsheoltóra d'fhótavoltachas ar chostas íseal agus dinimic mhúnlaithe ar ghréasáin choimpléascacha.

- Bhronn Fiontraíocht Éireann breis is €1.8 milliún ar an Ollscoil faoi Ghradaim an Chiste Tráchtálaíochta, a raibh comhthionscadail idir Ollscoil Luimnigh agus lucht tionscail i gceist leis.
 I measc na réimsí taighde a clúdaíodh bhí nuálaíocht in uirlisí dearaidh, próisis leictreaphlátála, gairis athshlánaithe, nanacháithníní frithmhiocróbach, steallairí sábháilteachta, lannáin chomhshuite. Lena chois sin, bhronn Fiontraíocht Éireann breis is €350k ar an Ollscoil faoi chlár na Comhpháirtíochta Nuálaíochta,

- Bhronn Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht (IRCSET) maoiniú do 15 scoláireacht iarchéime ar an Ollscoil, agus bhronn Comhairle Taighde na hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS) maoiniú do dheich scoláireacht iarchéime ar an Ollscoil. Fuarthas maoiniú breis is €1.8 milliún san iomlán ón gComhairle Taighde.

- Fuarthas 35 faisnéisiú fionnachtana ó thaighdeoirí na hOllscoile, rinneadh naoi n-iarratas ar phaitinní nua agus ceadaíodh comhlacht campais nua amháin, agus cuireadh an Rosetta Foundation ar an bhfód. Cuirfidh Rosetta eolas ríthábhachtach ar fáil do dhaoine ar fud an domhain beag beann ar a stádas sóisialta, cúlra teanga ná cultúrtha, ná suíomh tíreolaíoch.

- Síníodh seacht gcomhaontú ceadúnais le comhlachtaí atá bunaithe in Éirinn chun tráchtálú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí a d'eascair as gníomhaíochtaí taighde Ollscoil Luimnigh.

- Bhain taighdeoirí de chuid na hOllscoile duaiseanna don chéad agus don tríú háit amach ag Gradaim Nuálaíochta Med in Ireland. Bronnadh an chéad áit ar an bhfoireann thrasdisciplíneach cliniceoirí agus innealtóirí bithleighis atá lonnaithe san Ionad Taighde Innealtóireachta Bithleighis Feidhmithí (CABER) agus bronnadh an tríú háit ar an Scoil Leighis Iontrála Iarchéime (GEMS) i gcomhar le hInstitiúid Tyndall.

- Ina chéad bhliain bhunaithe chruthaigh Ionad Nuála Nexus é féin mar ionad tacaíochta fiontraíochta ardleibhéil laistigh d'Ollscoil Luimnigh agus sa réigiún lár-tíre. Ó mhí Mheán Fómhair 2011 ar aghaidh, tá méadú tagtha ar phobal Nexus agus tá 31 ball ann anois. Bhí ról lárnach ag Nexus i gcruthú 96 post agus chuir sé 48 mac léinn de chuid na hOllscoile ar shocrúchán oibre le cuideachtaí cliaint.

- Cuireadh tacaíocht ar fáil arís d'infheistíocht isteach de chuid an Chomhlachais Forbartha Idirnáisiúnta (IDA) agus tugadh os cionn 20 cuairt le cúnamh ón Oifig Aistrithe Teicneolaíochta agus ó Rannóg an Chomharoideachais agus na nGairmeacha Beatha.

## LÍON NA MAC LÉINN IARCHÉIME - BLIAIN ACADÚIL 2011-12

***Líon na mac léinn iarchéime cláraithe 2011/12***

| **Dámh** | **Máistreacht L/A** | **Máistreacht P/A** | **Iomlán Máistreachta** | **PhD L/A** | **PhD P/A** | **Iomlán PhD** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ealaíona, Daonnachtaí & Eolaíochtaí Sóisialta | 7 | 2 | 9 | 121 | 11 | 132 | 141 |
| Gnó | 2 | 1 | 3 | 46 | 26 | 72 | 75 |
| Oideachas & Eolaíochtaí Sláinte | 24 | 6 | 30 | 75 | 33 | 108 | 138 |
| Idirdhámh | 0 | - | - | 3 | - | 3 | 3 |
| Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol | 0 | - | - | 28 | 3 | 31 | 31 |
| Eolaíocht & Innealtóireacht | 49 | 14 | 63 | 310 | 47 | 357 | 420 |
| **Iomláin** | **82** | **23** | **105** | **583** | **120** | **703** | **808** |

***Líon na mac léinn iarchéime múinte cláraithe 2011/12***

| **Dámh** | **Máistreacht L/A** | **Máistreacht P/A** | **Iomlán Máistreachta** | **Diop. Iarchéime L/A** | **Diop. Iarchéime P/A** | **Iomlán Diop. Iarchéime** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ealaíona, Daonnachtaí & Eolaíochtaí Sóisialta | 184 | 29 | 213 | 10 | 3 | 13 | 226 |
| Gnó | 172 | 115 | 287 | - | - | - | 287 |
| Oideachas & Eolaíochtaí Sláinte | 214 | 33 | 247 | 64 | 137 | 201 | 448 |
| Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol | 64 | - | 64 | - | - | - | 64 |
| Idirdhámh | - | - | - | 178 | 11 | 189 | 189 |
| Eolaíocht & Innealtóireacht | 144 | 41 | 185 | 49 | 1 | 50 | 235 |
| **Iomláin** | **778** | **218** | **996** | **301** | **152** | **453** | **1449** |



# SEIRBHÍSÍ ACADÚLA AGUS TACAÍOCHTA

## SEIRBHÍSÍ ACADÚLA AGUS TACAÍOCHTA

Is ann don Rannán chun freastal ar riachtanais na mac léinn agus chun cur le heispéireas na mac léinn san Ollscoil. Struchtúr trí bhunchloch ina bhfuil deich n-aonad atá sa Rannán, mar seo a leanas:

- **Riarachán na Mac Léinn**, an Oifig Iontrála agus Riarachán Acadúil na Mac Léinn.
- **Tacaíochtaí do Mhic Léinn**, an Oifig Ealaíon, an tSéiplíneacht, Oifig Idirchaidrimh don Phobal, an tSeirbhís Comhairleoireachta agus Ionad Sláinte na Mac Léinn.
- **Saintacaíochtaí**, Rochtain do Dhaoine faoi Mhíbhuntáiste Socheacnamaíoch, Seirbhísí Tacaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Oifig na Mac Léinn Lánfhásta.

Bhí **an Oifig Iontrála** páirteach i dtionscnaimh nua mhargaíochta chomh maith le hoícheanta eolais don phobal a eagrú.

Thug **Riarachán Acadúil na Mac Léinn** isteach réitigh theicniúla nua i gcomhar leis an Rannán IT chun próisis ghnó a fheabhsú. Éilíonn na forbairtí seo go leor acmhainní ach bíonn buntáistí móra de thoradh orthu.

Thug **an tSeirbhís Comhairleoireachta** isteach córas leictreonach I-Grade agus cuireadh an tionscadal i gcrích i gcomhar le Riarachán Acadúil na Mac Léinn. Tá méadú comhsheasmhach ar líon na mac léinn atá ag freastal ar an tSeirbhís gach bliain.

D'eagraigh **an Oifig Idirchaidrimh don Phobal** Searmanas don Chéad Ghradam de chuid an Uachtaráin d'Obair Dheonach, bronnadh gradaim ar 82 mac léinn mar aitheantas ar a dtiomantas don obair dheonach inár bpobail le linn a gcuid staidéar acadúil.

**An tSéiplíneacht -** lean an Teach Fáilte ar aghaidh ag mealladh níos mó mac léinn le teacht ar cuairt chuig an ionad go laethúil. Baintear úsáid as an tsaoráid mar ionad buail isteach do mhic léinn ar an gcampas agus tá sé ar fáil do chruinnithe, imeachtaí grúpa agus fáilteachas tar éis seirbhísí nó teacht le chéile sa Teach Teoire.

Thug **Ionad Sláinte na Mac Léinn** isteach sceideal táillí do sheirbhísí altra, dochtúra, síciatraí agus fisiteiripe agus seirbhísí gaolmhara do mhic léinn.

Bhí baint ag **an Oifig Ealaíon** le roinnt tionscadal, lena n-áirítear: ***Tionscadal Cuimsithe Shóisialta le Rang 2014*** - a raibh mar aidhm aige mic léinn a spreagadh, trí ghníomhaíocht chruthaitheach chun gnéithe éagsúla de chuimsiú sóisialta a iniúchadh. I measc na dtéamaí bhí bulaíocht, leatrom cine agus aicme. ***The National Collection of Watercolour*** - Rinne taispeántas saothar ó bhailiúchán Chumann Náisiúnta Uiscedhatha na hÉireann atá san Ollscoil a choimeád d'Fhéile Ealaíon i mBaile Uí Bheoláin, Co an Chláir. Imeacht de chuid UL40 - ***Face Value*** - Comhoibriú le hOifig Dearcealaíon na hOllscoile ina raibh portráidí de chéimithe agus de chomhaltaí foirne na hOllscoile, ón am atá anois ann agus ón am atá caite. ***Visual at Eden*** - Baineadh úsáid as an spás taispeántais seo chun saothar le healaíontóirí nua a thaispeáint, chomh maith le tionscadail eile.

D'oibrigh ***an Oifig Rochtana*** le scoileanna áitiúla DEIS chun aird a dhíriú ar bhealaí rochtana na hOllscoile agus ar rannpháirtíocht in oideachas tríú leibhéal. Leagann Plean Straitéiseach Ollscoil Luimnigh amach go soiléir tiomantas na hOllscoile i leith

rannpháirtíocht a mhéadú ag an tríú leibhéal i measc mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch ó scoileanna agus ó phobail nach bhfreastalaíonn go hiondúil ar an tríú leibhéal.

Bhí ról tábhachtach ag an Oifig Rochtana agus ag na **Seirbhísí Tacaíochta Míchumais** i bhforbairt agus i mbainistiú na scéimeanna forlíontacha iontrála náisiúnta DARE (An Bealach Rochtana Míchumais ar an Oideachas) agus HEAR (Bealach Rochtana ar Ardoideachas). Bhí comhaltaí foirne ina gcathaoirligh ar dhá Ghrúpa Oibríochtúla agus bhí siad ina mbaill den Ghrúpa Náisiúnta Forbartha Straitéisí thar shaolré an tionscadail. Nuair a bronnadh Gradam Feabhais an Taoisigh tugadh suntas ar leith don ról breise atá ag Ollscoil Luimnigh maidir le cur i bhfeidhm na scéimeanna iontrála a éascú.

Reáchtáil **Oifig na Mac Léinn Lánfhásta** sraith oícheanta eolais chun níos mó mac léinn a mhealladh le freastal ar an Ollscoil.

Lean Rannóg Ghnóthaí na Mac Léinn ar aghaidh ag obair ar bhealach níos comhoibrithí, ag úsáid teicneolaíochta agus ag cur réitigh chruthaitheacha ar fáil do na héilimh mhéadaithe atá ann mar thoradh ar an éagsúlacht mhéadaithe agus na riachtanais nua Ollscoile agus earnála agus i gcomhthéacs acmhainní laghdaithe.



# RANNÁN NA TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE

Soláthraíonn Rannán na Teicneolaíochta Faisnéise (ITD) seirbhísí ríomhaireachta, closamhairc, priontála, postais agus teileafóin d'fhoireann agus do mhic léinn na hOllscoile.

Príomhfhorbairtí

- Forbraíodh áis iarratais ar líne don chlár Erasmus agus do mhic léinn mhalairte agus cuireadh ar fáil d'iarratasóirí í.
- Bogadh an próiseas iarratais don Professional Diploma in Mathematics for Teaching chuig córas nua ar líne sruthlíneach.
- Cuireadh córas ticéadaithe HESK i bhfeidhm do Rannóg an Oideachais Idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar an gcaoi a láimhseáiltear fiosrúcháin.
- Forbraíodh sreabhadh oibre ar líne do na Seirbhísí Tacaíochta Míchumais chun clárúchán a éascú do mhic léinn.
- Cuireadh córas ar líne i bhfeidhm chun Iarratais Ghráid Neamhiomlána a láimhseáil chun cabhrú le mic léinn scrúduithe nó obair chúrsa a chur siar i gcásanna dlisteanacha.
- Bunaíodh Drupal mar Chóras Bainistíochta Ábhair Gréasáin na hOllscoile agus cuireadh oiliúint ar fáil do ranna chun nuashonrú an ábhair gréasáin a dhílárnú mar chuid de sheirbhísí margaíochta agus scaipthe eolais na hOllscoile.
- Cruthófar cuntais na mac léinn anois tríd an Microsoft Forefront Identity Manager, rud a dhéanfaidh an próiseas atá ann chun cuntais ríomhairí na mac léinn a chruthú a shruthlíniú agus a dhéanamh níos sciobtha.
- Chuir ITD saoráid Féinseirbhíse chun Pasfhocail a athshocrú i bhfeidhm do chomhaltaí foirne agus do mhic léinn (ar an gcampas agus lasmuigh de) chun ligean d'úsáideoirí a bpasfhocail féin a athshocrú agus chun an méid ama a chailltear mar gheall ar phasfhocail dhearmadta a laghdú.
- Chomhoibrigh ITD le hAontas na Mac Léinn in Ollscoil Luimnigh chun aitheantas líonra mic léinn a nascadh chun rochtain daingean agus bainistithe a cheadú ar vótáil leictreonach i dtoghcháin na mac léinn.
- Rinneadh saoráidí na hOllscoile do leanúnachas gnó agus d'athshlánú tubaiste a fheabhsú trí infreastruchtúr teicniúil cúltaca agus athshlánaithe a uasghrádú agus a mhéadú.
- Cuireadh leis an straitéis atá ann chun iomarcaíocht agus inscálaitheacht infreastruchtúr freastalaí na hOllscoile a fheabhsú trí straitéis fíorúlaithe leanúnach ITD agus trí fhreastalaithe fisiciúla níos sine a dhíchoimisiúnú.
- In 2011-12 cuireadh na foirgnimh a leanas isteach le Líonra na hOllscoile rud a thug rochtain dóibh ar cheangal ardluais snáithín ar acmhainní na hOllscoile agus idirlín
    - GEMS
    - Árais Chónaithe Quigley
    - Foirgneamh athchóirithe PESS
- Rinneadh ceangal idirlín na hOllscoile a uasghrádú chun seirbhís idirlín níos tapúla agus níos téagartha a chur ar fáil do chomhaltaí foirne agus do mhic léinn.

- Cuireadh pointí breise rochtana gan sreang i bhfearas ar an gcampas chun cur go mór leis an gclúdach WIFI atá ar an gcampas.

- Rinne ITD, le cúnamh ó Oifig Soláthair Ollscoil Luimnigh, ath-thairiscintí a lorg do chonradh cothabhála crua-earraí na hOllscoile agus mar thoradh air seo tháinig laghdú 60% ar an gcostas bliantúil a bhaineann le cothabháil crua-earraí agus ní raibh aon laghdú sa tseirbhís.
- D'fheidhmigh ITD agus an Oifig Soláthair, ar son earnáil tríú leibhéal na hÉireann, íostarraingt rathúil ó chreatlach an Rialtais a raibh próiseas soláthair aonair do ríomhaire deisce agus do ríomhairí glúine mar thoradh air, rud a thug coigilteas suntasach agus próisis shruthlínithe.
- Bogadh óstáil láithreán gréasáin na hOllscoile go dtí socrú seachtrach óstála chun inúsáidteacht a fheabhsú agus chun soláthar eolais don phobal a cheadú i gcás nach mbeadh seirbhísí IT ar fáil ar an gcampas.
- Rinneadh rphoist na mac léinn a aistriú chuig seirbhís LIVE@Edu de chuid Microsoft chun buntáistí agus coigilteas airgid a bhaint as néalseirbhísí.



# SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE AGUS FAISNÉISE

Éascaíonn Rannán na Leabharlainne agus Seirbhísí Faisnéise (LISD) teagasc, foghlaim agus taighde in Ollscoil Luimnigh trí acmhainní scoláireachta, seirbhísí faisnéise agus saoráidí foghlama saindírithe ar ardchaighdeán a sholáthar.

Le linn na bliana, lean an Leabharlann ar aghaidh ag cur le bailiúcháin na leabharlainne chun taighde agus teagasc a fheabhsú san Ollscoil. Áiríonn sé seo leithdháileadh Choiste Forbartha Áiseanna Eolais na Leabharlainne (LIRD) i dtreo ceannach méadaithe ábhar ar liostaí léitheoireachta agus ceannach bailiúchán ríomhleabhar Springer ina bhfuil 26,000 imleabhar. Bhí tábhacht nach beag ag baint leis an maoiniú do IReL a choinneáil go dtí deireadh 2013 mar go bhfuil sé ina dhlúthchuid de theagasc agus de thaighde i ngach réimse ábhair. Le linn na bliana d'úsáid an Ollscoil IReL chun 204,850 íoslódáil a dhéanamh ó Science Direct agus 199,873 íoslódáil a dhéanamh ó JSTOR. Bunaíodh an Chartlann Náisiúnta Rince le déanaí agus fuair sí agus liostáil sí 26 bailiúchán ó sheánraí éagsúla rince.

In ainneoin na ndúshlán spáis agus airgeadais rinneadh feabhas suntasach ar thimpeallacht foghlama na leabharlainne agus ar na seirbhísí leabharlainne a chuirtear ar fáil. Rinneadh go leor feabhsúchán mar fhreagra ar shuirbhé na Leabharlainne ar shástacht na gcustaiméirí LibQUAL, a rinneadh i mí Feabhra 2012. Ina measc seo cruthaíodh Seomra Léitheoireachta Iarchéime, rinneadh zónáil ar an Leabharlann chun níos mó spásanna ciúine agus spásanna do ghrúpstaidéar a chur ar fáil agus rinneadh an ceangal idirlín a fheabhsú.

Cuireadh le tacaíocht na Leabharlainne do thaighdeoirí i mbliana trí mhodúl ar scileanna taighde a fhorbairt. Clár ina bhfuil trí cheardlann é *Realising Your Research Value: from Literature Review to Getting Published*: 'Finding research information and keeping up to date', 'Reference management including EndNote' agus 'Getting published and maximising research impact'.

## BAILIÚCHÁIN SPEISIALTA

Ar cheann de na forbairtí is suntasaí a tharla le gairid tá bunú Chartlann Náisiúnta Damhsa na hÉireann faoi stiúir na Leabharlainne agus Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol. In 2011/12 chuir Rannóg na mBailiúchán Speisialta i gcomhair le IWAQMD tús le sealbhú agus le liostáil ar chartlann d'ábhair rince. Cuireann an NDAI go mór le cultúr agus le stair an rince in Éirinn.

I measc na n-ábhar ba shuntasaí a cuireadh le bailiúcháin speisialta na Leabharlainne in 2011/12 bhí an chéad eagrán de leabhar W.B. Yeats 'Four Plays for Dancers,' a deonaíodh do Chartlann Náisiúnta Damhsa na hÉireann sa Leabharlann. D'fhógair an roinn chomh maith go bhfuarthas roinnt leabhar inscríofa agus anótáilte le Sir Stephen De Vere (1812-1904) as Curragh Chase agus Móinéar, Faing. Rinneadh tabhartas tábhachtach eile nuair a thug Leabharlann Choláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn leabharlann leabhar ó Ospidéal Barrington, Luimneach do Leabharlann Glucksman.

Ghlac Roinn na mBailiúchán Speisialta bainistíocht ar chartlanna na hOllscoile nuair a chuaigh cartlannaí na hOllscoile ar scor. Áiríonn cartlann na hOllscoile ábhar cosúil le taifid de chruinnithe an Údaráis Rialaithe, na Comhairle Acadúla agus Chomhairle na nDéan agus a

gcoistí, chomh maith le tuarascálacha bliantúla, nuachtlitreacha, feasacháin, réamheolairí agus foilseacháin eile de chuid na hOllscoile.

**Seirbhísí Digiteacha**

Cuireadh leis an Roinn Seirbhísí Teicniúla chun an tAonad Digitithe agus an Taisclann Institiúide a áireamh. Chun tacú leis an bhforbairt seo, cuireadh tús le hobair chun infreastruchtúr seirbhísí digiteacha na Leabharlainne a fheabhsú. Ceannaíodh trealamh digitithe den scoth chun tacú le saotharlann déanta íomhánna. Beidh an Leabharlann Dhigiteach ina hacmhainn thábhachtach ag taighdeoirí.

**Staitisticí LISD 2011/12**

| Seirbhísí | | Bailiúcháin | |
|---|---|---|---|
| Iasachtaí Iomlána | 207,537 | Stoc iomlán leabhar | 333,983 |
| Iasachtaí ón mbailiúchán iasachtaí gearrthréimhseacha | 28,771 | Leabhair a fuarthas le linn na bliana | 11,088 |
| Iasachtaí ó phointí féinseirbhíse | 115,804 | Ríomhleabhair | 198,513 |
| Cuairteanna leabharlainne | 922,334 | Iriseáin chlóite agus ríomh-iriseáin | 63,472 |
| Seisiúin oiliúna ar scileanna faisnéise a seachadadh i ndaonuaireanta | 7,646 | Iarratais ar théacs iomlán ailt | 1,044,695 |
| Foireann na Leabharlainne (FTE) | 48.5 | Bunachair shonraí bhibleagrafacha & lántéacs | 188 |



# ACMHAINNÍ DAONNA

Tá breis is 1,300 comhalta foirne in Ollscoil Luimnigh. Ar mhaithe leis an gcuspóir atá againn Ollscoil Luimnigh a fhorbairt agus a choimeád ina hionad teagaisc, foghlama agus léinn a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi, tá de chuspóir ag an Rannóg Acmhainní Daonna comhaltaí foirne den scoth a mhealladh i dtreo na hOllscoile, iad a spreagadh agus a choimeád agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun barr feabhais a bhaint amach ina gcuid oibre.

## PRÍOMHFHORBAIRTÍ

- Fógraíodh 91 comórtas earcaíochta le linn na tréimhse seo.
- Chuir an Rannóg Acmhainní Daonna cláir éagsúla san fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil: D'fhreastail 1333 fostaí ar 126 clár oiliúna sa tréimhse atá i gceist.
- Tugadh tacaíocht airgeadais do 73 fostaí chun páirt a ghlacadh i staidéar fochéime, iarchéime agus dochtúireachta mar chuid de thiomantas na hOllscoile chun tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach a fostaithe.
- Leanadh den Scéim Meantóireachta, rinneadh 15 chomhalta foirne bhreise, ó na ranna acadúla agus riaracháin san Ollscoil, a mheaitseáil lena chéile. Reáchtáladh ceardlanna i rith na bliana mar thacaíocht don Scéim Meantóireachta. Ó cuireadh tús leis an scéim, d'éirigh leis an scéim os cionn 123 meaitseáil a dhéanamh. Is é aidhm an tionscnaimh meantóireachta ardán a chur ar fáil inar féidir taithí a roinnt ar bhonn neamhfhoirmiúil duine ar dhuine agus dá bhrí sin ag cur tacaíocht ar fáil do gach comhalta foirne, i ngach ról agus i ngach staid gairme. Is féidir rath na scéime a lua le tiomantas breis is 40 meantóir oilte a thug a gcuid ama in aisce le feidhmiú mar mheantóirí.
- Bhí an ceathrú Comhdháil de Lá Idirnáisiúnta na mBan - Networking Women ar siúl an 8 Márta 2012 i bhfoirgneamh Cheolfhoireann Aireagail na hÉireann san Ollscoil. D'fhreastail os cionn 120 rannpháirtí ar an gcomhdháil. I measc na rannpháirtithe bhí comhaltaí foirne de chuid Ollscoil Luimnigh agus institiúidí tríú leibhéal seachtracha eile, ionadaithe ó ghnólachtaí áitiúla agus baill grúpaí pobail áitiúil. Rinne an tOllamh Marie Parker Jenkins – Ollamh le hOideachas in Ollscoil Luimnigh cathaoirleacht ar an gcomhdháil. I measc na gcainteoirí seachtracha bhí **Terry Prone**, bunaitheoir an Communications Clinic, **Kathleen O'Meara**, Ceannaire Abhcóideachta & Cumarsáide le Cumann Ailse na hÉireann agus iarbhall de Sheanad Éireann. **Rosemary Delaney**, Fiontraí agus úinéir na cuideachta foilsitheoireachta Women Mean Business; **John Fitzgerald,** Harmonics, ceann de phríomhchuideachtaí Cóitseála Gairme in Éirinn; **Liam Croke** – Stiúrthóir Bainistíochta Harmonics Financial; **Brenda Ní Shúilleabháin** Údar, **Dorothy Quin**, iar-Uachtarán Líonra Luimnigh. I measc na gcainteoirí as Ollscoil Luimnigh bhí **an Dr Maura Adshead**, Ceann Roinne agus Léachtóir Sinsearach le Polaitíocht agus Riarachán Poiblí agus **Marie Connolly**, Bainisteoir Foghlama agus Forbartha, Rannóg na nAcmhainní Daonna, Ollscoil Luimnigh.
- Sa bhliain 2012, bhronn IITD (Institiúid Oiliúna agus Forbartha) duais do Sháréacht sa chatagóir d'Úsáid Nuálach na Teicneolaíochta ar an gClár atá maoinithe ag Aonad Príomhshruthaithe Údarás an Chomhionannais Maireachtála agus Éagsúlachta (LEAD). Bhí sé Ollscoil Éireannacha bainteach leis an gclár seo agus ba í Ollscoil Luimnigh a bhí ag stiúradh an chláir. Clúdaíonn an clár ríomhFhoghlama earnála seo na naoi bhforas leatroim agus tá sé ar fáil ar líne do gach fostaí www.ul.ie/hr

- Lean an Ollscoil lena tiomantas d'fhorbairt leanúnach gach fostaí trí fhorbairt cheannaireachta a chur ar fáil do cheannairí reatha agus iad siúd ar mian leo a bheith ina gceannairí san Ollscoil i rith na bliana 2012. Go dtí seo tá na Cláir Forbartha Ceannaireachta déanta ag os cionn 100 Bainisteoir Acadúil, Taighde agus Tacaíochta. Is ar bhonn modúlach a dhéantar na cláir a thairiscint agus áiríonn siad uirlisí idirghabhála cosúil le haiseolas 360 céim, tuairiscí próifilithe, Cóitseáil duine ar dhuine agus rannpháirtíocht i dTionscadail Institiúide. Sa bhliain 2012 bhí trí chlár ar siúl san Ollscoil le rannpháirtithe ó ranna acadúla, taighde agus tacaíochta. Bhí an t-aiseolas thar a bheith dearfach agus dúirt rannpháirtithe gur tháinig athrú suntasach ar an gcaoi a mbreathnaíonn siad ar a róil cheannaireachta agus go raibh an deis a fuair siad le líonrú le comhghleacaithe ó réimse disciplíní/ranna eile thar a bheith luachmhar.
- Fógraíodh 59 comórtas earcaíochta le linn na tréimhse seo.
- Cuireadh isteach an t-iarratas a bhaineann le "Feabhas Acmhainní Daonna sa Taighde" chuig Coimisiún na hEorpa le linn na tréimhse seo, agus bronnadh é ina dhiaidh sin. D'fhonn an Straitéis Acmhainní Daonna do Thaighdeoirí a fhorbairt, rinne Ollscoil Luimnigh anailís inmheánach chun cleachtais institiúide a chur i gcomparáid leis an gCairt Eorpach do Thaighdeoirí agus leis an gCód Cleachtais d'Earcaíocht Taighdeoirí, a bhaineann le príomhlucht leasmhara institiúide lena n-áirítear taighdeoirí. Forbraíodh Straitéis & Plean Gnímh Acmhainní Daonna Ollscoil Luimnigh do Thaighdeoirí mar thoradh ar an anailís seo.
- Tháinig méadú 11% ar an líon comhaltaí foirne atá á maoiniú ag taighde san Ollscoil sa tréimhse atá i gceist, rud a léiríonn an méadú ar mhaoiniú taighde don Ollscoil.
- Seoladh Meastóireacht Poist do Chomhaltaí Foirne Taighde i mí Lúnasa 2012 chun deis a thabhairt do chomhaltaí foirne taighde ardú céime a fháil chuig poist shinsearacha taighde.
- Spriocdháta mhí Feabhra 2012 maidir le dul ar scor: Chuir Acmhainní Daonna tacaíocht fhorleathan ar fáil maidir le déileáil le ceisteanna ón bhfoireann agus le hiarratais ar eolas tar éis síneadh ama go dtí an 29 Feabhra 2012 a bheith curtha leis an 'Tréimhse Chairde' (i.e. an tréimhse nuair nach bhfuil tionchar ag na laghduithe pá a cuireadh i bhfeidhm leis an Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2) 2009). Chuaigh 58 fostaí ar scor sa Tréimhse Chairde idir an 1 Deireadh Fómhair 2011 agus an 29 Feabhra 2012.
- D'éirigh le hOllscoil Luimnigh cistí airgid AE a fháil faoin tionscadal FESTA. Baineann an tionscadal seo le hathruithe a chur ar thimpeallacht oibre na dtaighdeoirí acadúla, le hugach a thabhairt do thaighdeoirí ban fanacht agus slí bheatha a bhaint amach dóibh féin san acadamh, agus le timpeallachtaí eagraíochtúla a chruthú ionas go ndéantar a gcuid oibre a mholadh agus a chothú.
- Cuireadh Bainistíocht Poist i bhfeidhm chun na hinniúlachtaí tuairisciúcháin a fheabhsú agus chun gur féidir líon foirne agus buiséid na hOllscoile a bhainistiú
- De bharr na bhfeabhsuithe a cuireadh ar thairseach féinseirbhíse Rannóg na nAcmhainní Daonna, tá feidhmiúlacht agus faisnéis bhreise ar fáil d'fhostaithe na hOllscoile.
- Cuireadh córas fleisc-ama ar fáil ar bhonn píolótach ar an gcampas trí thairseach féinseirbhíse Rannóg na nAcmhainní Daonna.
- D'éirigh le Rannóg na nAcmhainní Daonna a creidiúnú ISO 9001 a choinneáil.

# FONDÚIREACHT OLLSCOIL LUIMNIGH

Bunaíodh Fondúireacht Ollscoil Luimnigh (ULF) sa bhliain 1989 chun ceannaireacht agus maoiniú idirnáisiúnta a sholáthar ar mhaithe le hOllscoil Luimnigh a chur chun cinn. Tá de bhreis ar €150 milliún bailithe ag an bhFondúireacht ar mhaithe le forbairt na hOllscoile. Bhí siad seo a leanas ar chuid de na himeachtaí ba thábhachtaí a raibh baint ag an bhFondúireacht leo le bliain anuas:

## NUACHT AGUS IMEACHTAÍ TÁBHACHTACHA

### Clasaic Gailf Paul O'Connell

Ar an 19 Meán Fómhair 2012, bailíodh breis is €50,000 ag an gcéad Ócáid Charthanachta Ghailf a d'eagraigh Paul O'Connell agus a bhí ar siúl in Adare Manor, Co. Luimnigh.

Chuir an t-imeacht gailf a d'eagraigh an t-imreoir idirnáisiúnta rugbaí agus atá ina bhall de bhord Fhondúireacht na hOllscoile, Paul O'Connell, airgead díreach ar fáil do scoláireachtaí in Ollscoil Luimnigh do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste.

### Aitheantas tugtha ag Ollscoileanna Éireannacha do Stiúrthóir Fhondúireacht Ollscoil Luimnigh Chuck Feeney

Ar an 6 Meán Fómhair 2012, tháinig Ollscoil Luimnigh agus na hocht n-ollscoil eile ar oileán na hÉireann le chéile in onóir duine de sheanchairde agus de lucht tacaíochta na hOllscoile, an daonchara Charles F. (Chuck) Feeney.

Tháinig na hOllscoileanna le chéile chun Dochtúireacht oinigh le Dlíthe (LLD) a bhronnadh ar an Uasal Feeney, bunaitheoir The Atlantic Philanthropies, mar cheiliúradh ar an méid atá déanta ag Chuck Feeney do shaol na hÉireann, agus go mór mór d'ollscoileanna na hÉireann.

Bhrúigh sé chun cinn bunú Fhondúireacht Ollscoil Luimnigh i 1989 agus tá sé ina chomhalta ar Bhord na Fondúireachta le fada an lá. Tá baint dhíreach ag Chuck Feeney leis an bhfás sciobtha a tháinig ar an Ollscoil.

### Scoláireachtaí agus Duais Microsemi Engineering Fógartha

Ar an 7 Lúnasa 2012, d'fhógair an forbróir leathsheoltóra Microsemi Ireland go raibh sé ag cur maoiniú €50,000 ar fáil thar thréimhse sé bliana chun cabhrú le barr feabhais a bhaint amach san innealtóireacht in Ollscoil Luimnigh.

Bainfear úsáid as an airgead seo chun scoláireachtaí a chur ar fáil do mhic léinn fochéime innealtóireachta agus beidh luach €12,000 ag baint leis na scoláireachtaí sin. Déanfaidh an chuideachta urraíocht chomh maith ar dhuais airgid bhliantúil a bhronnfar ar mhac léinn innealtóireachta bunaithe ar fhiúntas acadúil.

### Dinnéar Fleáchais an Uachtaráin 2012

Ar an 11 Bealtaine 2012, reáchtáladh Dinnéar Fleáchais bliantúil Uachtarán Ollscoil Luimnigh sa Strand Hotel i gCathair Luimnigh ar a fhreastail ceannairí tábhachtacha gnó agus pobail ó réigiún an mheán-iarthair. D'eagraigh Fondúireacht Ollscoil Luimnigh an ócáid mar cheiliúradh ar dhlúthnaisc na hOllscoile le cathair Luimnigh agus chuaigh an t-

airgead a bailíodh i dtreo leathnú a chur ar chlár Ghradam an Uachtaráin don Obair Dheonach atá á reáchtáil ag an Ollscoil.

Chonaic os cionn 250 aoi an chéad léiriú riamh i gCathair Luimnigh de Riverdance ag an ócáid. Ba é an Dr Bill Whelan a bhí ina aoi speisialta, fear as Luimneach é Bill agus tá sé ina stiúrthóir ar Fhondúireacht Ollscoil Luimnigh.

## A Cheolchoirm Seansailéara Deiridh á cur i láthair ag an Seansailéir Peter Malone

Ar an 9 Feabhra 2012, tháinig gnólachtaí, eagraíochtaí áitiúla agus cairde de chuid na hOllscoile amach chun tacú leis an gceathrú Ceolchoirm bhliantúil de chuid Sheansailéir Ollscoil Luimnigh. Ba é an Seansailéir Peter Malone a chuir tús leis an ócáid fhoirmiúil bailithe airgid sa bhliain 2008, agus bhí ócáid na bliana 2012 ar an gceann deiridh aige mar sheansailéir.

Bhí dinnéar ag na haíonna san fhoirgneamh nua Pailliúin ar Champas an Chláir sular éist siad le léiriú uathúil leis an gcumadóir agus ceoltóir cáiliúil, Phil Coulter sa Dámh nua Chruinne Éireann Rince agus Ceol.

## Achainí Bliantúil do Chiste Alumni 2011 Seolta

Le linn mhí Dheireadh Fómhair 2011, seoladh An Achainí Bliantúil don Chiste Alumni chuig céimithe de chuid na hOllscoile mar iarracht chun cistí tábhachtacha a bhailiú don Ollscoil. Seoladh amach an Achainí ar rphost agus iarradh ar chéimithe a gcuid síntiús a dhéanamh ar líne d'fhonn costais a laghdú.

I ngeall ar na deacrachtaí airgeadais atá ag go leor teaghlach faoi láthair, chuir Achainí Bliantúil Ciste 2011 béim ar leith ar scoláireachtaí mac léinn agus ar thionscnaimh Rochtana do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste mar iarracht chun cabhrú le teaghlaigh leis na costais a bhaineann lena bpáistí a chur chun na hOllscoile.



# AN SAOL AR AN GCAMPAS

## AN BAILIÚCHÁN DEARCEALAÍON

Le linn na tréimhse atá faoi chaibidil, cuireadh leis an mBailiúchán Dearcealaíon agus tháinig feabhas suntasach air dá thoradh sin.

I measc na saothair nua a cuireadh le Bailiúchán Náisiúnta Féinphortráidí na hÉireann bhí saothair nua le Dieter Blodau, Stephen Brandes, Thomas Brezing, Michael Canning, Oliver Comerford, Simon English, Phil Kelly, Vera Klute, Les Levine, Andrew Manson, Ruth McHugh, Paul Mosse, Caoimhghin Ó Fraithile, Ann Quinn, Paki Smith, Hilda Van Stockum HRHA, Martyn Turner, Walter K Verling HRHA, Andrew Vickery agus Keith Wilson RUA. Tháinig méadú ar bhallraíocht Chumann Uiscedhathanna na hÉireann i rith 2012 agus fuair Ollscoil Luimnigh dhá shaothar nua eile, a cuireadh leis an 177 ealaíontóir atá sa bhailiúchán reatha.

Arís eile, chuir Dánlann Bourn Vincent na dearcealaíona agus cleachtais chomhaimseartha chun cinn i measc an phobail leis na taispeántais a reáchtáil sí i rith na bliana. Áirítear orthu sin:

| | |
|---|---|
| **THE CELTIC ZOO** – saothar le Tom Fitzgerald | Nollaig 2011 – Feabhra 2012 |
| **Health and Humanities** – saothair bhreise a cuireadh le Bailiúchán na hEalaíne Leighis | Márta 2012 |
| **HOME** – taispeántas de shaothar nua le Eoin Mac Lochlainn | Aibreán – Iúil 2012 |
| **FACE VALUE** – léiriú ar 40 bliain de Phobal na hOllscoile | Lúnasa - Meán Fómhair 2012 |
| **THERE IS AN ISLE** – le Eric Duhan | Meán Fómhair 2012 |
| **ADDITIONS 2012 -** saothair bhreise le Bailiúchán Náisiúnta Féinphortráidí na hÉireann | Deireadh Fómhair 2012 |
| **KHUSHBOO** – uiscedhath luibheolaíoch le Nayana Sandur | Deireadh Fómhair – Samhain 2012 |
| **CERAMICS & GLASS -** ó Bhailiúchán IACI O'Malley | Lúnasa 2012 – Eanáir 2013 |
| **A POSITIVE VIEW** – le Annemarie Bourke | Nollaig 2012 |

Lena chois sin, bhí comhoibriú ar siúl idir na Dearcealaíona agus IMMA, Teach an Chustaim, Maigh Eo agus an tAcadamh Ibeirneach Ríoga le linn 2012.

# FORBAIRT AN CHAMPAIS

## TIONSCADAIL CHAIPITIL

Tosaíodh ag baint úsáide as Foirgneamh nua na Scoile Leighis Iontrála Iarchéime agus as Árais Chónaithe Quigley i mí Mheán Fómhair 2012 in am do thús na bliana acadúla.

Bhí an Foirgneamh nua Pailliúin áit a bhfuil beár/bialann, seomraí cóitseála/tionóil agus seomraí móra feistis foirne in úsáid go hiomlán in Eanáir 2012. Tá na páirceanna uile-aimsire den scoth do Chumann Lúthchleas Gael, sacar agus rugbaí, atá mar chuid den fhorbairt, in úsáid ina n-iomláine agus d'éirigh thar cionn leo ina gcéad bhliain úsáide.

Leagadh an chuid lárnach d'Áras na Roinne Corpoideachais agus Eolaíochta Spóirt agus rinneadh é a atógáil; áit a bhfuil anois Halla Spóirt nua, léachtlann, seomra seimineáir, ríomhlann, seomraí feistis, mar aon le hoifigí Dáimhe, Taighde agus Riaracháin agus ceaintín. Tugadh an tionscadal chun críche i mí Aibreáin 2012.

## TIONSCADAIL AG AN GCÉIM PHLEANÁLA

Leanadh ar aghaidh ag déanamh dearadh mionsonrach le linn na bliana ar shíneadh 2784m$^2$ atá le cur leis an bhFoirgneamh MSSI. Táthar ag súil le tosú ar an obair thógála i samhradh na bliana 2013.

Cuireadh tús le dearadh mionsonrach ar Fhoirgneamh Taighde Bernal 7,650m$^2$ chun freastal ar dheichniúr Ollúna nua Bernal agus a gcuid taighdeoirí i saoráid taighde nua den scoth. Táthar ag súil le tosú ar an obair thógála i bhFómhar na bliana 2013.



# AGUISÍN 1

## Freastal ar chruinnithe de chuid an Údaráis Rialaithe 2011-2012

Tá dualgas ar an Ollscoil faoi Chód Cleachtais náisiúnta 2012 cuntas a choinneáil ar fhreastal gach ball ag cruinnithe de chuid an Údaráis Rialaithe. Reáchtáladh naoi gcruinniú san iomlán le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú. Tá sonraí ar fáil thíos nuair nach raibh ball in ann freastal ar na naoi gcruinniú ar fad.

An tOllamh Sean Arkins – d'fhreastail sé ar 6 as 9 gcruinniú;
An tOllamh Don Barry – d'fhreastail sé ar 9 gcruinniú;
An Dr Marie Bourke – d'fhreastail sí ar 4 as 9 gcruinniú;
Michael Chapman – toghadh é i mí an Mhárta 2012 agus d'fhreastail sé ar 5 as 5 chruinniú;
Damien Clancy[1] – d'fhreastail sé ar 2 as 9 gcruinniú;
Derek Daly – d'fhreastail sé ar 6 as 7 gcruinniú, tháinig Adam Moursy i gcomharbas air;
Breda Deedigan – d'fhreastail sí ar 7 as 9 gcruinniú;
An Dr Eoin Devereux – d'fhreastail sé ar 8 as 9 gcruinniú;
Kay Doyle – d'fhreastail sí ar 8 as 9 gcruinniú;
An tOllamh Colum Dunne – toghadh é i mí an Mhárta 2012 agus d'fhreastail sé ar 4 as 5 chruinniú;
An tOllamh Jane Edwards[2] - d'fhreastail sí ar 2 chruinniú;
Tara Feeney – d'fhreastail sí ar 5 as 7 gcruinniú, tháinig Cathal Ronan i gcomharbas uirthi;
John Fox – d'fhreastail sé ar 3 as 4 chruinniú agus d'éirigh sé as i mí Feabhra 2012;
An tOllamh Thomas Garavan – d'fhreastail sé ar 7 as 9 gcruinniú;
Anne Gleeson – d'fhreastail sí ar 6 as 9 gcruinniú;
An tOllamh Michael Hayes – d'fhreastail sé ar 8 as 9 gcruinniú;
An Comhairleoir Mary Harty – d'fhreastail sí ar 2 as 8 gcruinniú, tháinig an Comhairleoir Jerome Scanlan i gcomharbas uirthi;
Sarah Jane Hennelly – d'fhreastail sí ar 7 as 7 gcruinniú, tháinig Cian Spillane i gcomharbas uirthi;
Dr John Hillery – d'fhreastail sé ar 5 as 9 gcruinniú;
Michael Houlihan - d'fhreastail sé ar 9 gcruinniú;
Tadhg B Kearney – d'fhreastail sé ar 8 as 9 gcruinniú;
An tOllamh Peadar Kirby – d'fhreastail sé ar 4 as 4 chruinniú agus d'éirigh sé as i mí Feabhra 2012;
An Dr J J Leahy – d'fhreastail sé ar 7 as 9 gcruinniú;
An Comhairleoir Jim Long – d'fhreastail sé ar 0 as 7 gcruinniú, tháinig an Comhairleoir Gerry McLoughlin i gcomharbas air;
Peter Malone - d'fhreastail sé ar 9 gcruinniú;
An tOllamh Paul McCutcheon – d'fhreastail sé ar 8 as 9 gcruinniú;
Annette McElligott – d'fhreastail sí ar 8 as 9 gcruinniú;
An Dr Seán McGrath – d'fhreastail sé ar 7 as 9 gcruinniú;
An Comhairleoir Gerry McLoughlin – d'fhreastail sé ar 0 as 2 chruinniú;
Adam Moursy – d'fhreastail sé ar 2 as 2 chruinniú;
Joe O'Connell – d'fhreastail sé ar 5 as 9 gcruinniú;
Bobby O'Connor – d'fhreastail sé ar 6 as 9 gcruinniú;
Fachtna O'Driscoll – d'fhreastail sé ar 8 as 9 gcruinniú;
An Dr Máirtín Ó Droma – d'fhreastail sé ar 8 as 9 gcruinniú;
Jackie O'Shaughnessy – d'fhreastail sí ar 8 as 9 gcruinniú;
Pat Rockett – d'fhreastail sé ar 7 as 9 gcruinniú;
Cathal Ronan – tháinig sé i gcomharbas ar Tara Feeney agus d'fhreastail sé ar 2 as 2 chruinniú;

An Comhairleoir Jerome Scanlan – tháinig sé i gcomharbas ar an gComhairleoir Mary Harty agus d'fhreastail sé ar 1 as 1 chruinniú;
Cian Spillane – tháinig sé i gcomharbas ar Sarah Jane Hennelly agus d'fhreastail sé ar 2 as 2 chruinniú;
Liz Stack – d'fhreastail sí ar 2 as 9 gcruinniú;

[1]bhí cead aige a bheith as láthair ó chruinnithe mar a fhoráiltear i Mír 3(3) den Tríú Sceideal d'Acht na nOllscoileanna 1997.

[2]ar shaoire shabóideach

**Táillí agus costais iomlána a íocadh le baill den Údarás Rialaithe**

Tá costais a íoctar le baill sheachtracha den Údarás Rialaithe de réir Treoirlínte ón Roinn Airgeadais. Éilíonn Cód Cleachtais náisiúnta 2012 go gcuirtear táillí agus costais iomlána a íoctar le baill den Údarás Rialaithe ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil. Ní íoctar táillí le baill den Údarás Rialaithe. Sa tréimhse faoi athbhreithniú íocadh €18,615 le baill den Údarás Rialaithe.



EAGNA CHUN GNÍMH

UNIVERSITY of LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH